



# NSAI

## Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2025



Fás á spreagadh, inbhuanaitheacht  
á treisiú le Caighdeáin agus Deimhniúchán

# Tionchar NSAI

Ach deimhniúchán a fháil, d'fhéadfadh sé gur fearr a éireoidh le tairiscintí agus meastacháin



## CLiantchuideachta de chuid NSAI: The Medical Supply Company, Baile Átha Cliath

Cuireann Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML nó an tSaotharlann) NSAI seirbhísí calabrúcháin agus comhairliúcháin ar fáil do The Medical Supply Company i mBaile Átha Cliath 15. Tá deimhniúchán faighte aige freisin ó NSAI i leith ISO 9001 (Cáilíocht), ISO 14001 (Comhshaoil) agus ISO 45001 (Sláinte agus Sábháilteacht Ceirde).

Dhámh ollscoil mhór in Éirinn conradh trí bliana ar an gcuideachta chun trealamh saotharlainne agus tomhaltáin a sholáthar, agus deir an chuideachta féin gurbh airde an scór measúnaithe a fuair sí a bhuí le deimhniúchán atá ailínithe le ISO.

Toisc go bhfuil córais láidre agus próisis dhoiciméadaithe aige, a cuireadh i bhfeidhm le linn deimhniúchán le NSAI, tá The Medical Supply Company in ann comhlíonadh agus cumas a léiriú.

I measc na n-éachtaí a rinne an chuideachta le déanaí san earnáil cógaisíochta tá:

- Aonaid chuisniúcháin a sholáthar agus a choimisiúnú
- Athnuachan ar chonarthaí le príomhchomhlachtaí cógaisíochta chun seirbhísíú a dhéanamh ar chaibinéid bhithshábháilteachta

**Measann an chuideachta gur léir gur fearr atá ag éirí lena cuid tairiscintí ó fuair sí deimhniúchán ó NSAI.**

Deir sí go bhfágann an deimhniúchán i leith na gcaighdeán sin go bhfuil a a cumas a chur in iúl go soiléir do chustaiméirí agus do pháirtithe leasmhara eile gur mór aici an fhreagracht i leith an chomhshaoil agus an tsármhaitheas ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de. Deir an chuideachta freisin go gcuireann an deimhniúchán leis an gcumas iomaíochta atá aici agus leis an gcáil atá uirthi.

Gheofar tuilleadh eolais faoi obair a dhéanann Saotharlann NSAI ar leathanach 27.

# Clár na nÁbhar

|                                                                                 |    |                                                                                      |    |
|---------------------------------------------------------------------------------|----|--------------------------------------------------------------------------------------|----|
| Réamhrá: Fás á spreagadh, inbhuanaitheacht á treisiú                            | 2  | Deimhniúchán: Samhaltú Faisnéise Foirgníochta                                        | 24 |
| Misean, fíis agus luachanna                                                     | 3  | Deimhniúchán: Deimhniúchán Táirgí Feithicleacha                                      | 25 |
| 2025 in uimhreacha                                                              | 4  | Deimhniúchán: NSAI Inc                                                               | 26 |
| Teachtaireacht ónár gCathaoirleach agus ár bPríomhfheidhmeannach                | 6  | Deimhniúchán: NSAI Certification UK Ltd                                              | 26 |
| Tionchar NSAI                                                                   | 8  | An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta: Lárionad na heolaíochta tomhais in Éirinn | 27 |
| Caighdeán: Tionscal agus sochaí na hÉireann á gcumhachtú agus á gcoinneáil slán | 10 | Méadreolaíocht Dlí: Muinín a chothú maidir le gach tomhas                            | 30 |
| Deimhniúchán: Margai a oscailt agus fás a chumas                                | 18 | Gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais: Saol inbhuanaithe a chothú            | 32 |
| Deimhniúchán: Barr Feabhais sa Ghnó                                             | 19 | Ráiteas rialachais agus tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird                            | 34 |
| Deimhniúchán: Feistí Leighis                                                    | 20 | Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2025                                                  | 40 |
| Deimhniúchán: Modhanna Nua-aimseartha Foirgníochta                              | 22 |                                                                                      |    |
| Deimhniúchán: Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha                     | 23 |                                                                                      |    |

Is é NSAI comhlacht caighdeán oifigiúil na hÉireann. Ina theannta sin, soláthraímid seirbhísí deimhniúcháin agus méadreolaíochta chun feidhmeanna rialála ainmnithe a chomhlíonadh thar ceann stát na hÉireann.

Trí mheán ár ngníomhaíochtaí, ní hamháin go gcothaíonn NSAI muinín ar fud gheilleagar na hÉireann ach rannchuidíonn sé le heagraíochtaí a bhíonn ag brath ar bhonneagar forbartha i ndáil le caighdeáin, tomhais, agus measúnú comhréireachta chun a gcuspóirí a bhaint amach.

**De réir ISO (an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú), is ionann caighdeán agus “gaois mheáite na ndaoine a bhfuil saineolas acu ar a n-ábhar”.**

(Foinse: Standards, ISO, [iso.org/standards.html](https://www.iso.org/standards.html), 2023)

Is doiciméad teicniúil é caighdeán a fheidhmíonn mar threoirline, sainiú nó norm. Is é is bonn leis ná comhdhearcadh faoi conas:

- táirge a dhéanamh
- próiseas a bhainistiú
- seirbhís a sholáthar
- acmhainní a chur ar fáil.

Ar fud na n-earnálacha go léir, cuireann caighdeán le cáilíocht, sábháilteacht, éifeachtúlacht agus intuathacht táirgí, próiseas agus seirbhísí. Rud bunúsach is ea na caighdeáin in aon gheilleagar chun muinín a chothú idir táirgeoirí, déantóirí, tomhaltóirí, rialtóirí agus daoine eile.

Dá bhrí sin, is féidir leis a bheith ina thoradh ar ghlacadh caighdeán:

- go bhfeabhsaítear an idir-inoibritheacht
- go gcuidítear costais a bhainistiú
- go gcothaítear comhar i measc tionscal
- go dtacaítear leis an táirgiúlacht.

Nuair a ghlacann gnólachtaí caighdeán, cabhraíonn sé sin leo cinntí níos stuama a dhéanamh agus cuirtear bonn faoina gcuid iarrachtaí taighde agus forbartha. Ina theannta sin, aithnítear i mbeartais fiontraíochta na hÉireann agus na hEorpa go mbíonn sé ina thoradh ar ghlacadh caighdeán go mbíonn buntáiste iomaíoch ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).



# Brollach

## Fás á spreagadh, inbhuanaitheacht á treisiú

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) comhlacht caighdeán oifigiúil na hÉireann, a bhíonn ag gabháil don nuálaíocht chun saol níos sábháilte, níos fearr agus níos inbhuanaithe a chothú.

Cuireann NSAI ar a gcumas do ghnólachtaí Éireannacha leas a bhaint as caighdeáin agus deimhniúcháin chun cur leis an tsármhaitheas oibríochtúil agus dul san iomaíocht ar bhealach níos éifeachtaí i margaí sa bhaile agus thar lear.

Le beagnach 30 bliain anuas, tá seirbhísí caighdeánaithe, deimhniúcháin agus tomhais á soláthar ag NSAI thar ceann na hÉireann.

Tuairiscimid don Aire Stáit um Fhostaíocht, Gnólachtaí Beaga agus Miondíol sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, agus is comhpháirtí feabhsúcháin gnó muid – a chabhraíonn le gnólachtaí Éireannacha a bheith nuálach agus teacht chun cinn ar ardán an domhain.

I measc ár gcliaint tá fiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha agus gnólachtaí ilnáisiúnta a bhíonn ag feidhmiú ar fud 40 tír.

Cabhraimid leo:

- fás agus a bheith i mbun nuálaíochta
- dul san iomaíocht thar lear ar bhealach inbhuanaithe
- caighdeáin, dlíthe agus rialacháin ábhartha a chomhlíonadh
- a bheith seasta ag feabhsú.

**Faigh amach conas a chuidímid le heagraíochtaí ionas go n-éireoidh go geal leo:**

Éire: [NSAI.ie](https://www.nsi.ie)

Ar Domhan: [NSAlinc.com](https://www.nsalinc.com)

An Ríocht Aontaithe: [NSAI.uk](https://www.nsal.uk)

# Misean, fís agus luachanna

## Plean Straitéiseach NSAI

### (2022-2026)

#### Misean

Baineann NSAI leas as an saineolas agus an oilteacht atá againn, mar aon leis an dea-chleachtas sa tionscal, chun an pobal gnó domhanda a nascadh agus a fhorbairt agus éascú dá chuid oibre. An tráth céanna, aimsimid réitigh nuálacha chun saol níos sábháilte, níos fearr agus níos inbhuanaithe a chothú.

#### Fís

A bheith inár rogha comhpháirtí ag gnólachtaí ar an leibhéal domhanda maidir le seirbhísí teicniúla, saineolacha den scoth a sholáthar, ionas go n-éireoidh go geal leo agus go mbeidh siad claochlaitheach, inbhuanaithe.

#### Croíluachanna

Tá croíluachanna NSAI ina mbonn agus ina dtaca ag an misean agus ag an bhfís atá againn, cuireann siad cruth ar ár gcultúr, agus léirítear leo na tréithe ar mór ag NSAI iad. Is iad sin:

#### BARR FEABHAIS

Is cúis mhór bhróid againn é inniúlacht cheannródaíoch agus seasmhacht a chur chun cinn d'fhonn barr feabhais a bhaint amach inár gcuid oibre, agus muid ag glacadh go fonnmhar le hathruithe agus ag tapú deiseanna.

#### SAINEOLAS

Agus muid ag cur lenár n-inniúlacht agus ag breathnú chun cinn, aithnímid an tábhacht ollmhór a bhaineann le féachaint chuige go mbeidh ár ndaoine seasta ag forbairt agus ag fás.

#### MEAS

Aithnímid nach féidir rath a bheith orainn ach trí mheas a bheith againn ar éagsúlacht ár bhfoirne, ár gcustaiméirí agus ár gcomhpháirtithe. Cinntítear go mbeidh an meon sin i réim trí chur chuige oscailte, rannpháirteach a léiriú inár n-idirghníomhaíocht go léir agus trí thimpeallacht a chothú atá bunaithe ar mhuinín a bheith againn as a chéile.

#### IONRACAS

Is mór againn an t-ionracas agus bímid ag bainistiú ar bhealach neamhchlaonta. Is iadsan bunchlocha ár ngníomhaíochtaí agus leagtar béim orthu agus muid ag plé lenár bpáirtithe leasmhara go léir.

#### COMHOIBRIÚ

Bímid ag comhoibriú ar bhealach rannpháirteach ar fud ár n-eagraíochta, lenár bhfoireann, agus le comhpháirtithe seachtracha chun luach inbhuanaithe a chothú d'Éirinn i gcomhthéacs domhanda.

#### NUÁLAÍOCHT

Tacaímid leis an ngá a bheith sofhreagrúil, nuálach ar fud ár bpróiseas, ár gcóras, agus ár seirbhísí, rud a bhaintear amach trí bheith seasta ag ceistiú na mbealaí atá leagtha síos chun rudaí a dhéanamh.

#### CUNTASACHT

Bímid freagrach as ár gcroíluachanna a chomhlíonadh i gcónaí agus muid ag gabháil don mhisean atá againn, ionas go mbeidh ardleibhéal creidiúnachta againn i súile ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Is féidir leat ár bPlean Straitéiseach a íoslódáil ó NSAI.ie. Tá leagan Béarla agus leagan Gaeilge le fáil ansin.



# 2025 in uimhreacha

## Caighdeáin

Comhlacht caighdeán oifigiúil na hÉireann

**448,041**

líon na gcaighdeán a fuarthas ón gcatalóg, méadú 57% ar 2024

**1,498**

líon na gcaighdeán a foilsíodh

**Os cionn 2,350**

comhalta coiste náisiúnta, agus 240 comhalta nua ina measc

**426**

líon na n-úsáideoirí nua ar thairseach **Your Standards, Your Say** NSAI le haghaidh comhairliúcháin phoiblí

## An tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí

Muinín a chothú maidir le gach tomhas

**6,031**

líon na n-áitreabh ar tugadh cuairt orthu ar fud na hÉireann

**21,816**

líon na n-uirlisí trádála a ndearnadh cigireacht orthu

## An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta

Lárionad na heolaíochta tomhais in Éirinn

**5,048**

líon na ndeimhnithe calabrúcháin a d'eisigh NML do chuideachtaí

**522**

líon na laethanta taighde a rinne eolaithe i gcomhair cláir Eorpacha thaighde

**86**

líon na ndaoine a d'fhreastail ar 16 cúrsa oiliúna de chuid NML

**18**

líon na saotharlann ar tacaíodh leo ar fud na hÉireann

## Foirgníocht

Cabhair maidir le todhchaí na hÉireann a thógáil

**1,162**

líon na ndeimhnithe táirgí foirgníochta a d'éisigh NSAI i leith Inbhuanaitheacht agus na Timpeallachta Tógtha

**96**

líon na gceisteanna a fuarthas faoi mhodhanna nua-aimseartha foirgníochta (MMC), méadú 20% ar 2024

**6**

líon na ndeimhnithe nua a dhréachtaigh Rannóg MMC NSAI

**65**

líon na bhfiosrúchán nua faoi BIM, agus fuarthas 8 n-iarratas nua i rannóg BIM NSAI

**37**

líon na gcliantchuideachtaí ar freastalaíodh orthu trí NSAI Certification UK (agus an comhartha UKCA san áireamh)

## Deimhniúchán

Margaí a oscailt agus an pobal a chosaint

**507**

líon na ndeimhnithe nua córais bainistíochta a eisíodh (méadú 34% ar 2024, agus borradh faoi dheimhniúchán comhshaoil agus fuinnimh)

**6,843**

líon na laethanta iniúchta a rinneadh trí Ionad Bairr Feabhais NSAI agus NSAI Inc

Feistí leighis

**2,782**

líon na laethanta iniúchta a rinne Rannóg Feistí Leighis NSAI (NSAI agus NSAI Inc)

Deimhniúchán ar tháirgí feithicleacha

**10,150**

líon na dtáirgí feithicleacha a ceadaíodh



# Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach

Agus cúrsaí éiginnte ar domhan faoi láthair, dhíríomar ar **fhás agus inbhuanaitheacht** in 2025.

Is é an téama **Fás á spreagadh, inbhuanaitheacht á treisiú le Caighdeáin agus Deimhniúcháin** a roghnaíomar i gcomhair Thuarascáil Bhliantúil 2025. Bhí an fás agus an inbhuanaitheacht ina mbunchloch ag ar ár gcuid oibre go léir maidir le caighdeáin Éireannacha agus Eorpacha a fhorbairt agus dul i bhfeidhm orthu san iomaí réimse, amhail athléimneacht aeráide, nuálaíocht san fhoirgníocht, an chibearshlándáil agus an intleacht shaorga.

Cuid lárnach den chúram atá orainn is ea gnólachtaí a chumhachtú. In 2025, thugamar faoi sin trínár gcuid oibre deimhniúcháin sna réimsí seo a leanas:

- Barr Feabhais sa Ghnó
- Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha
- Modhanna Nua-aimseartha Foirgníochta (MMC)
- Samhaltú Faisnéise Foirgníochta (BIM)
- Feistí Leighis
- Táirgí Feithicleacha.

## Nuálaíocht i leith na tithíochta

Seoladh plan tithíochta nua na hÉireann, [Tithe á dTógáil, Pobail á gCothú](#), in 2025 agus tá ról rithábachtach ag NSAI i dtaobh cabhrú lena aidhmeanna a bhaint amach. Bímid ag obair i ndlúthpháirt le cliaint lena chur ar a gcumas dóibh leas a bhaint as modhanna nua-aimseartha foirgníochta (Modern Methods of Construction nó MMC) a chuireann le luas agus éifeachtacht na foirgníochta. Tháinig roinnt mhaith iarratas a bhain le MMC isteach chugainn in 2025, agus meastar go dtiocfaidh a lán eile in 2026.

In 2025, bhain a lán cuideachtaí leas as ár bhfoireann uirlisí nua MMC, rud a léiríonn béim mhór sa tionscal ar nuálaíocht agus ar mhodhanna foirgníochta nua-aimseartha. Tagann an uirlis féinmheasúnaithe sin sna sála ar chinn eile atá foilsithe againn maidir le córais bhainistíochta agus bainistíocht slándála faisnéise.

Déanaimid obair fhorleathan freisin maidir le feasacht ar shamhaltú faisnéise foirgníochta (BIM), mar shampla, chun tacú le tionscal na foirgníochta.

Soláthraímid faisnéis thráthúil agus uirlisí lena chur ar a gcumas do FBManna a bheith níos ullmhaithe chun caighdeáin a leanúint agus deimhniúcháin a bhaint amach. Seoladh uirlisí tacaíochta chun cabhrú le FBManna agus eagraíochtaí eile cur lena dtuiscint ar riachtanais ó thaobh caighdeán de, a leibhéal ullmhachta a mheas, agus féachaint céard iad na príomhchéimeanna ar an mbóthar deimhniúcháin. Tá pacáistí tacaíochta feabhsaithe, ina mbeidh ábhar oideachasúil, ar na bacáin i gcomhair 2026.

Cuidíonn ár gcuid oibre le tomhaltóirí agus úinéirí tí a chosaint freisin. In 2025, rinneamar dul chun cinn nach beag maidir le hathbhreithniú iomlán ar I.S. 465 chun tacú le measúnú a dhéanamh ar dhamáiste de dheasca bloic choincréite lochtacha agus an damáiste sin a leigheas.

Thugamar faoi chomhairliúcháin poiblí, faoina bhfuarthas breis agus 640 aighneacht. Tugadh an obair sin chun críche i mí na Bealtaine 2026.

## Barr feabhais ar bhonn comhpháirtíochta

Tá forbairt caighdeán TFC rithábachtach don chlaohlú digiteach agus don gheilleagar sonraí. Bhí ár saineolaithe ag obair chun caighdeáin náisiúnta agus Eorpacha a fhorbairt chun tacú leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, le Gníomh an Aontais Eorpaigh um an Intleacht Shaorga, pasanna táirgí digiteacha, ríomhaireacht chandamach agus a lán eile. Leanamar orainn freisin in 2025 ag treorú thionscadal cibearshlándála TrustBoost an Aontais – atá beagnach leath bealaigh anois – agus léirigh an cuibhreannas rannpháirtíocht láidir agus comhoibriú éifeachtach i measc na gcomhpháirtithe chun cur chuige deimhniúcháin iontaofa agus creataí praiticiúla a cheapadh lena neartaítear athléimneacht dhigiteach, comhlíonadh agus muinín an mhargaidh san Aontas. Chomh maith leis sin, ba mhór an cúnamh é an tionscadal i gcomhthéacs na hÉireann: foilsíodh páipéar IEEE ina scrúdaítear ullmhacht FBManna na hÉireann le haghaidh dheimhniúcháin cibearshlándála an Aontais agus ina sainaithearn bearnaí tábhachtacha maidir le Creat Deimhniúcháin Cibearshlándála an Aontais a chur chun feidhme.

Le rannpháirtíocht NSAI i gcomhlachtaí caighdeán Eorpacha agus idirnáisiúnta, cinntítear go mbíonn leasanna na hÉireann san áireamh ar an leibhéal teicniúil agus an leibhéal rialachais araon. Is meon comhoibrioch, comhairleach, oscailte atá ag NSAI. Mar shampla, ghlac ár saineolaithe teicniúla páirt i meitheal chomhairleach straitéiseach CEN-CENELEC maidir le caighdeánú Eorpach a bhaineann leis an athrú aeráide, agus bhí siad i mbun



oibre le ISO, IEC, CEN agus CENELEC chun caighdeán a fhorbairt i leith feistí leighis agus na n-eolaíochtaí beatha. Ar leibhéal an rialachais, tá tionchar ag ár rannpháirtíocht ar an gcur chuige a ghlacfar maidir le caighdeáin amach anseo i saol atá ag éirí níos digitithe.

Shíníomar comhaontú comhair nua le Comhairle Caighdeán Ceanada in 2025 freisin. Neartaítear an comhar eadrainn maidir le caighdeán a fhorbairt leis an gcomhaontú sin: cuidíonn sé linn tosaíochtaí idirnáisiúnta a ailíniú agus eolas a mhalartú, agus cuidíonn sé le tionscail na hÉireann rochtain a bheith acu ar mhargaid domhanda agus tionchar a imirt orthu.

Spreagaimid gnólachtaí agus lucht acadúil na hÉireann chun cur le forbairt caighdeán Eorpach agus caighdeán domhanda agus éascaímid dóibh é sin a dhéanamh. Aithnímid agus ceiliúraimid an obair rithábachtach a dhéanann siad, lena n-áirítear eolas maidir le feidhmiú agus dea-chleachtas a thabhairt ar ais go hÉirinn.

Cuirimid fáilte roimh ionchur ón bpobal maidir le caighdeáin tríd an tairseach *Your Standards, Your Say* atá ag NSAI. In 2025, tháinig méadú 240% ar líon na n-úsáideoirí nua a chláraigh ar an tairseach chun breathnú ar dhréachtchaighdeáin, trácht a dhéanamh orthu, nó ionchur a thabhairt ina leith. Fuarthas tuairimí i réimsí éagsúla amhail Foirgníocht, Cibearshlándáil, Pas Táirgí Digiteacha, Bithbhaincáireacht agus Cearrbhachas Ar Líne, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an obair a dhéanaimid maidir le caighdeáin.

## Pleanáil don todhchaí

Leanamar orainn ar fud NSAI in 2025 ag díriú ar an sprioc straitéiseach fhoriomlán maidir le bheith i mbun nuálaíochta ionas go mbeidh an saol níos sábháilte, níos fearr agus níos inbhuanaithe.

Is é 2026 an bhliain dheireanach a thagann faoi Phlean Straitéiseach NSAI (2022-2026). Táimid ag obair anois ar phróiseas struchtúrtha, fianaisebhunaithe chun ár gcéad Straitéis eile a ullmhú, lena gclúdófar an tréimhse 2027-2031.

Dearadh an próiseas sin lena chinntiú go mbeidh an Straitéis nua bunaithe ar mheasúnú soiléir ar thimpeallacht oibriúcháin NSAI, ar a shainordú reachtúil, agus ar rioscaí agus deiseanna amach anseo. Áirítear leis athbhreithniú ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur i bhfeidhm an phlean straitéisigh atá againn faoi láthair, breithniú ar thosaíochtaí beartais náisiúnta agus cinn AE atá ag teacht chun cinn, agus anailís ar threochtaí a théann i bhfeidhm ar chaighdeánú, deimhniúchán, méadreolaíocht agus seirbhísí rialála.

Déanfar tuilleadh mionchoigeartaithe agus comhairliúcháin le linn 2026 agus é i gceist an Straitéis nua a thabhairt chun críche agus a ghlacadh roimh an tréimhse 2027-31.

## Éachtaí á gceiliúradh

Bíonn fonn ar NSAI i gcónaí aitheantas a thabhairt d'éachtaí taighde agus forbartha. In 2025, bhí 150 bliain imithe tharainn ó síníodh coinbhinsiún an mhéadair, agus rinne Seirbhísí Méadreolaíochta Dlí agus Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI é sin a cheiliúradh ar Lá Domhanda Méadreolaíochta UNESCO i mí na Bealtaine. Chuireamar fáilte roimh Alan Dillon T.D., an tAire Stáit um Fhostaíocht, Gnólachtaí Beaga agus Miondíol sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, chuig an tSaotharlann an lá sin, mar aon le ceannairí gnólachtaí beaga Éireannacha agus scoláirí meánscoile, chun aird a dhíriú ar an méadreolaíocht in Éirinn, mar a bhí, mar atá agus mar a bheidh.

Beidh Éire ag dul i bhfeighil uachtaránacht an Aontais Eorpaigh i lár 2026 agus táimid ag tnúth le haird a dhíriú ar ról na gcaighdeán san Eoraip, lena n-áirítear imeacht idirnáisiúnta rithábachtach ar chaighdeáin TF a óstáil – cruinniú iomlánach ISO/IEC JTC1 – i Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna seo.

Ar deireadh, agus James Kennedy ag teannadh le deireadh a théarma mar Chathaoirleach NSAI, tugaimid aitheantas don obair mhór a rinne sé agus gabhaimid buíochas leo siúd go léir a chomhoibrigh le NSAI agus lenár mBord chun córas caighdeán na hÉireann a chur chun cinn ó thosaigh a chéad téarma in 2018. Agus NSAI ag tabhairt faoi chéim nua i saol na heagraíochta, táimid fós réamhghníomhach, bríomhar agus fás eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht á spreagadh againn.



**Dermot Casey**

Leas-Chathaoirleach

24 Meitheamh 2026



**Geraldine Larkin**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Meitheamh 2026

# Tionchar NSAI

I gcás go leor gnólachtaí beaga agus meánmhéide, is féidir leo **scóir níos airde a fháil ar a gcuid tairiscintí** ach deimhniúchán a bheith acu.

## Cliantchuideachta de chuid NSAI: ProCloud i Ros Comáin

*Measann ProCloud, i gcás cuideachtaí a fhaigheann deimhniúcháin i leith caighdeáin ISO nó a chloíonn leo, gur féidir leo scór níos airde a bhaint amach maidir le cáilíocht, slándáil faisnéise agus gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais sa mheastóireacht a dhéantar ar thairiscintí.*

*Tá deimhniúcháin éagsúla faighte ó NSAI ag ProCloud, a bhfuil a cheanncheathrú i Ros Comáin, lena neartaítear a sholáthar seirbhísí, a rialachas agus a shármhaitheas oibríochtúil.*

*A bhuí leis an deimhniúchán i leith ISO/IEC 20000 (Bainistíocht Seirbhísí TF), mar shampla, bhí ar a chumas samhail seirbhíse atá lán-ailínithe le ITIL a chur i bhfeidhm. Leis sin, cuireadh feabhas ar cháilíocht, comhsheasmhacht agus iontaofacht na seirbhísí a sholáthraíonn ProCloud do chliant.*

*Tá deimhniúchán bainte amach aige freisin i leith ISO/IEC 27001 (Bainistíocht Slándála Faisnéise), lena n-áirítear go bhfuil rialuithe agus rialachas slándála láidir i bhfeidhm maidir le déileáil le custaiméirí, agus tá an deimhniúchán i leith ISO 9001 (Bainistíocht Cáilíochta) ina bhonn taca faoi chultúr feabhsúcháin leanúnaigh, tomhais feidhmíochta agus sármhaitheasa seirbhíse.*

Is catagóir scórála í an fheidhmíocht i leith an chomhshaoil sa soláthar poiblí in Éirinn anois, agus fágann an deimhniúchán i leith ISO 14001 atá ag ProCloud go bhfuil creat aige le haghaidh fianaise i ndáil le hinbhuanaitheacht comhshaoil.

## Cur leis an rath a bhíonn ar thairiscintí


Is fearr a éiríonn le ProCloud lena chuid tairiscintí mar gheall ar na deimhniúcháin atá faighte aige ó NSAI.

Éiríonn go geal leis toisc go ndearna sé an méid seo a leanas:

- ceanglais éigeantacha a chomhlíonadh maidir le ceistneoirí réamhcháiliúcháin (amhail ISO 9001 agus ISO 27001)
- feabhas a bheith tagtha ar na scóir a fhaigheann a chuid tairiscintí i ndáil le cáilíocht, slándáil agus inbhuanaitheacht
- an bhraistint i dtaobh riosca a laghdú i súile ceannaitheoirí poiblí agus ceannaithe ó fhiontair
- aibíocht agus gairmiúlacht a léiriú
- rochtain a fháil ar chreataí rialtais ina gceanglaítear deimhniúcháin shonracha a bheith faighte.









# Caighdeáin:

## Tionscal agus sochaí na hÉireann á gcumhachtú agus á gcoinneáil slán

Is é NSAI an comhlacht náisiúnta caighdeán d'Éirinn agus is é comhalta na hÉireann é sna heagraíochtaí seo a leanas:

- CEN (An Coiste Eorpach um Chaighdeánú)
- CENELEC (An Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictreicniúil)
- ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán)
- IEC (An Coimisiún Idirnáisiúnta Leictreicniúil).

Anuas air sin, tá **Rannóg Caighdeán NSAI** ina chomhalta de ETSI, Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide.

Trínár struchtúr náisiúnta coistí, ina bhfuil breis is 2,350 comhalta coiste teicniúil páirteach, cuidíonn NSAI le saineolaithe agus páirtithe leasmhara atá bunaithe in Éirinn páirt a ghlacadh sa chaighdeánú ar gach leibhéal.

Trí dhul i gcomhairle le daoine óna lán eagraíochtaí ar fud tionscal éagsúla agus ar fud na sochaí, tacaíonn NSAI le rannpháirtíocht ilghnéitheach páirtithe leasmhara i bhforbairt caighdeán ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. Leis sin, cinntítear go dtugtar aird ar thosaíochtaí agus meonta na hÉireann agus go léirítear iad go cuí ar an ardán domhanda.

Tá catalóg mhór againn freisin ina bhfuil breis agus 31,000 caighdeán, idir chaighdeán náisiúnta agus chinn Eorpacha agus idirnáisiúnta chomhchuibhithe. Tá siadsan le fáil i Siopa Caighdeán NSAI ag [Standards.ie](https://standards.ie).



# Achoimre ar 2025

## Caighdeáin

**31,100+**

caighdeán i gcatalóg NSAI

**1,498**

caighdeán foilsithe

**2,350**

comhalta coiste náisiúnta

**448,041**

caighdeán faighte trí chatalóg ar líne NSAI, sin méadú 57% ar 2024 mar gheall ar bhorradh faoi líon na síntiúsóirí agus na gcaighdeán

**426**

líon na n-úsáideoirí a chláraigh le tairseach **Your Standards, Your Say** NSAI (ardán poiblí ar líne ar ag ar féidir le hearnáil tionsclaíochta na hÉireann agus leis an bpobal teacht ar dhréachtchaighdeán, trácht a dhéanamh orthu agus ionchur a bheith acu ina leith). Sin méadú 240% ar 2024, ar bhonn na spéise in I.S. 465 den chuid is mó

**364**

líon na gcrúinnithe a thionóil coistí caighdeán



Rinneamar dul chun cinn in 2025 maidir le roinnt gníomhaíochtaí caighdeánaithe lena dtacaítear le Plean Náisiúnta Tithíochta na hÉireann.

## Caighdeáin nua agus cinn ar díoladh a lán díobh in 2025

### Caighdeáin nua a ullmhaíodh in 2025

- I.S. 10101:2000+AC2:2025 Rialacha náisiúnta maidir le suiteáil leictreach (Na Rialacha Sreangaithe)
- I.S. 437:2025 Fálú ar fheirmeacha capall agus graiffheirmeacha – fáil adhmaid cuailí agus ráillí
- I.S. 6:2025 Píobáin choincréite séarachais
- I.S. 3216:2025 Cód Cleachtais – Bulcstóráil gáis peitríliam leachtaithe (GPL) (Eag. 3)
- I.S. 329:2024+A1:2025 Príomhlíonra dáileacháin gáis agus Leasú 1
- I.S. 813:2025 Suiteálacha gáis tí (Eag. 4).

### Na caighdeáin is mó díol in 2025

1. I.S. 10101:2000+AC2:2025 Rialacha náisiúnta maidir le suiteáil leictreach (Na Rialacha Sreangaithe)
2. I.S. 3218:2024 Córais Braite Dóiteáin agus Córais Aláiraim – Dearadh, Suiteáil, Coimisiúnú, Seirbhísiú agus Cothabháil Córais
3. I.S. 813:2014+A1:2017/AC:2017 Suiteálacha gáis tí (Eagrán 3)
4. I.S. 3217:2023 Soilsiú Éigeandála
5. S.R. 50-4 Seirbhísiú foirgníochta – Cuid 4: Córais teaschaidéil i dtithe cónaithe.

## Tacaíocht don obair a dhéanann Rialtas na hÉireann

Bíonn NSAI seasta ag dul i gcomhairle le ranna rialtais maidir le réimsí tosaíochta náisiúnta, agus na ranna seo a leanas san áireamh:

- An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
- An Roinn Iompair
- An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.



## Caighdeán san Eoraip

Chun tacú le beartas an Aontais, bíonn NSAI ag obair lena chinntiú go mbíonn tionscail, rialtas agus páirtithe leasmhara eile na hÉireann páirteach i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Ar an leibhéal Eorpach, tá ról mór ag caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le reachtaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm. Tá an Coimisiún Eorpach ag athbhreithniú 'leabhar rialacha' an Chaighdeánaithe san Eoraip (Rialachán 1025/2012). Leis an Rialachán sin, soláthraítear creat comhair ar a mbunaítear an Córas Caighdeánaithe Eorpach agus leagtar amach prionsabail an rialachais agus na hionchuimsitheachta, agus béim mhór a cur ar an gcaoi a bhforbraítear caighdeáin Eorpacha chomhchuibhithe chun tacú leis an Margadh Aonair.

Le linn 2025, bhí NSAI páirteach i gcomhairliúcháin agus meithleacha oibre beartais éagsúla trí rannpháirtíocht agus idirphlé le páirtithe leasmhara. Faoi athbhreithniú atá ar siúl ag an gCoimisiún Eorpach, breithnítear gach gné den fhorbairt caighdeán ar mhaithe le Córas Caighdeánaithe Eorpach a bheidh níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos cuimsithí.

In 2025, ghlac NSAI páirt i bhfóraithe Eorpacha éagsúla maidir le caighdeánú, lena n-áirítear Fóram Ardleibhéil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Caighdeánú, ina ndírítear ar na réimsí seo a leanas:

- ceannaireacht idirnáisiúnta
- rialachas
- teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn
- rannpháirtíocht sa taighde
- oideachas agus scileanna
- réimsí eile a bhfuil tábhacht straitéiseach leo.

Ceann de na príomhréimsí ar a ndíríonn an Fóram is ea teicneolaíochtaí candamacha, rud a aithnítear ar leibhéal an Aontais mar theicneolaíochtaí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo i dtaobh athléimneacht dhigiteach agus ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa. Bíonn ról gníomhach ag NSAI sa sruth oibre sin chun cur chuige comhtháite a fhorbairt agus bonn eolais a chur faoi threochlár nua Eorpach maidir le teicneolaíochtaí candamacha.

Bíonn NSAI gníomhach freisin in Ardán Ilpháirtithe Leasmhara an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Caighdeánú TFC. I measc na rannpháirtithe tá údarais náisiúnta ó bhallstáit Eorpacha chomh maith le comhlachtaí caighdeánaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta, a bhíonn ag obair le páirtithe leasmhara tionscail agus páirtithe leasmhara sochaíocha ar shaincheisteanna a bhaineann le beartais chaighdeánaithe TFC a chur i bhfeidhm.

Trí na grúpaí sin, rannchuidíonn NSAI le Clár Oibre Bliantúil an Aontais maidir le Caighdeánú Eorpach a fhorbairt agus le tosaíochtaí Eorpacha a leagan síos faoina chuimsiú.

Cuireadh tús le REGo ETSI, tionscadal eile a fuair cistiú ón Aontas, in 2025. Tá sé dírithe ar chaighdeánú a fheabhsú i gcomhair Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide agus ar eagraíochtaí a spreagadh chun dul i bhfeidhm ar cheapadh caighdeán. Tá NSAI i measc na gcomhlachtaí náisiúnta caighdeán atá páirteach ann agus táimid ag obair chun feasacht na bpáirtithe leasmhara a mhéadú maidir leis na buntáistí agus na deiseanna a ghabhann leis sin.

## An Timpeallacht Thógtha

Bhí an t-athbhreithniú ar cheist na mBloc Coincréite Lochtach fós ina phríomhthosaíocht in 2025 do NSAI, agus rinneadh dul chun cinn nach beag maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar I.S. 465 (Réiteach ar Bhloic Choincréite Lochtacha) agus S.R. 16 (Cumascáin). Baineadh amach garspriocanna tábhachtacha i leith na dtionscadal nuair a seoladh an dá dhoiciméad le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2025, agus é i gceist iad a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú in 2026.

In 2025, lean NSAI ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chun tacú le ról na hÉireann i bpróiseas Acquis na Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta.

Faoi stiúir an Choimisiúin Eorpaigh atá an obair sin agus tá sí dírithe ar riachtanais theicniúla agus rialála na bpáirtithe leasmhara agus na mballstát a bhailiú, d'fhoill na nithe seo a leanas a ullmhú:

- iarrataí mionsonraithe nua ar chaighdeánú
- gníomhartha tarmligthe
- riachtanais i ndáil le táirgí
- faisnéis faoi tháirgí.

Leis an bpróiseas sin, éascaítear do nuashonrú a dhéanamh ar na caighdeáin chomhchuibhithe uile atá ann cheana féin chun cloí le CPR-2024 agus a raon feidhme a leathnú chun táirgí nua a chumhdach.

## Caighdeánú agus nuálaíocht a spreagadh

Bíonn NSAI ag plé le lucht déanta beartas, leis an earnáil tionsclaíochta agus leis an lucht acadúil chun teacht ar thuiscint níos fearr ar na riachtanais náisiúnta maidir le caighdeánú, tráth atá an tionscal foirgníochta ag freagairt don ghá práinneach atá le teicneolaíochtaí nuálacha.

In 2025, rinneamar dul chun cinn maidir le roinnt gníomhaíochtaí caighdeánaithe lena dtacaítear le Plean Náisiúnta Tithíochta na hÉireann, *Tithe á dTógáil, Pobail á gCothú*, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

## Coincréit

Thosaigh NSAI ag athbhreithniú larscríbhinní Náisiúnta a ghabhann le sraith I.S EN 206 (Sonraíocht choincréite) agus rinneamar obair ullmhúcháin i dtaobh táirge nua a chur ar fáil chun measúnú oiriúnachta a dhéanamh ar roghanna eile i ndáil le nascóirí coincréite. I gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tá NSAI ag bailiú na faisnéise agus na fianaise a theastaíonn ionas go mbeidh coiste teicniúil NSAI in ann treoirínte a leagan síos maidir le hábhair stroighne nua.

## Cruach thanaí

Tá NSAI tosaithe ag plé leis an earnáil tionsclaíochta chun féachaint an bhféadfaí caighdeán Éireannach a fhorbairt le haghaidh cruach thanaí faoi Ghníomh 3.4 den Phlean Tithíochta, ina mbeartaítear caighdeánú a úsáid chun costais foirgníochta a laghdú. In 2026, iarrfaidh NSAI ar shaineolaithe páirt a ghlacadh i gcoiste teicniúil nua chun forbairt an chaighdeáin sin a mheas tuilleadh.

## Maisadhmhad comhchodach

Tá an tuisceant ag teacht chun cinn gur rogha inbhuanaithe é maisadhmhad comhchodach in ionad cruach agus coincréit a mbíonn an-chuid astaíochtaí carbóin i gceist leo. Tá sé beartaithe ag NSAI iarraidh ar shaineolaithe páirt a ghlacadh i gcoiste teicniúil nua a bhreithneoidh moltaí maidir le maisadhmhad comhchodach, an Grúpa Stiúrtha um Adhmhad san Fhoirgníocht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## Pas táirge digiteach

Is taifead digiteach é an pas táirge digiteach atá riachtanach faoi Rialachán Éicidhearthóireachta an Aontais maidir le Táirgí Inbhuanaithe. Tugann sé sonraí caighdeánaithe, cuimsitheacha faoi shaolré tháirge: bunús agus ábhair, monarú, marthanacht, indeisitheacht, tionchar ar an gcomhshaol agus roghanna ag deireadh ré.

Tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm i mí Iúil 2024, agus anois tá na pasanna táirge digiteacha ina mbunchloch faoi bheartas inbhuanaitheachta an Aontais. Tá feidhm ag an Rialachán maidir le formhór na n-earraí fisiciúla a dhíoltar san Aontas, agus allmhairí san áireamh. Tugtar isteach ceanglais éigeantacha maidir le marthanacht, indeisitheacht, in-athchúrsáilteacht agus trédhearcacht.

In 2025, bhí comhaltáí de choiste teicniúil NSAI ag obair ar chaighdeáin Eorpacha ghaolmhara sa réimse sin, agus beidh borradh faoin obair sin feasta.

## Caighdeáin agus dícharbónú fuinnimh

In 2025, lean NSAI de bheith páirteach i gcaighdeánú hidrigine san Eoraip trína rannpháirtíocht i Meitheal Chomhordúcháin CEN-CENELEC maidir le Hidrigin, a thacaíonn le comhordú agus cur i bhfeidhm an Threochláir um Chaighdeánú Hidrigine de chuid na Comhghuaillíochta Eorpaí don Hidrigin Ghlan (ECH2A).

Rannchuidigh NSAI leis an obair ar an leibhéal náisiúnta freisin trí bheith ar an Meitheal Idir-rannach um Hidrigin, faoi stiúir na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Tar éis babhta leanúnach comhair idir NSAI agus Líonraí Gáis Éireann ar ghníomhaíochtaí caighdeánaithe a bhaineann le hidrigin, d'fhoilsigh NSAI ár gcéad táirge gaolmhar in 2025: an leasú ar I.S. 329 Príomhlíonra dáileacháin gáis.

In 2025 freisin, choinnigh NSAI suas le forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le gabháil carbóin, bithghás in-athnuaite agus bithmheatán.

Is faoi chúram NSAI atá an Rúnaíocht i leith CEN TC 286 Trealamh agus gabhálaí LPG. In 2025, thosaigh NSAI/TC 286 ag déanamh athbhreithniú ar a theideal, a raon feidhme agus a phunann iomlán de 48 caighdeán chun go bhféadfaí éitear démhéiteil in-athnuaite (rDME) a chumasc le GPL. Is breosla inbhuanaithe, glandóite, neamh-tocsaineach é éitear démhéiteil in-athnuaite a tháirgtear ó amhábhair amhaíl bithmhais, dramhaíl talmhaíochta agus dé-ocsaíd charbóin ghafa. Tacaíonn Cumann Domhanda an Gháis Leachtaigh agus Liquid Gas Europe leis an bhforbairt seo.

## Tacú le nuálaíocht dhigiteach agus claochlú

Tá an nuálaíocht atá bunaithe ar shonraí ríthábhachtach don chlaohlú digiteach ar an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus don gheilleagar sonraí freisin. Tá ról mór ag caighdeáin theicniúla TFC sa chlaohlú seo agus lena chinntiú go mbeidh teicneolaíochtaí digiteacha idir-inoibritheach. Tá líon na gcaighdeán fós ag dul i méid go mór de réir mar a fhorbraíonn an teicneolaíocht agus de réir mar a thugann an tAontas Eorpach isteach níos mó gníomhartha reachtacha.

Tá na tosaíochtaí maidir le caighdeánú digiteach agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn le sonrú ar Chlár Oibre Bliantúil an Aontais maidir le Caighdeánú, 2025. Le linn 2025, bhí saineolaithe NSAI ag obair i réimsí a bhain le TFC, lena n-áirítear:

- caighdeánú cibearshlándála chun tacú le cur chun feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, agus Chreat Sonraí Iontaofa an Aontais mar a fhoráiltear dó i nGníomh an Aontais maidir le Rialachas Sonraí
- caighdeánú a dhéanamh ar an idir-inoibritheacht le haghaidh seirbhísí próiseála sonraí chun tacú leis an nGníomh ón Aontas Eorpach maidir le Sonraí
- caighdeáin a fhorbairt do Phasanna Táirge Digiteacha faoin Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht.

Ar leibhéal ISO/IEC, is é NSAI atá i mbun na rúnaíochta ar an meitheal idirnáisiúnta um Rialachas Teicneolaíochta Faisnéise (JTC1/SC42/WG3). Tá ról tionólaí ag toscairí NSAI i roinnt meithleacha de chuid na gcoistí caighdeán idirnáisiúnta, lena n-áirítear an meitheal a bhíonn ag plé leis an Intleacht Shaorga (ISO/JTC1/SC42) agus tá ról eagarthóireachta tionscadail acu i réimsí na gcásanna úsáide do theicneolaíochtaí mórleabhar dailte agus slándáil conarthaí cliste faoi ISO/TC307.

Tacaíonn NSAI le haistriú digiteach na hÉireann trí rannchuidiú le forbairt caighdeán is bonn le muinín, idir-inoibritheacht agus glacadh teicneolaíochtaí digiteacha. I réimsí amhail an intleacht shaorga, tá ról tábhachtach ag caighdeáin maidir le tacú le húsáid sábháilte a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus a chinntiú gur féidir brath orthu, agus cabhrú le fiontair na hÉireann a bheith iomaíoch agus coinneáil suas le tosaíochtaí digiteacha ar an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais.

In 2025, rinne NSAI ionadaíocht do pháirtithe leasmhara Éireannacha i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta. I rith na bliana, eisíodh an chéad dréachtchaighdeán comhchuibhithe lena dtacaítear le Gníomh an Aontais maidir leis an intleacht shaorga, le haghaidh comhairliúcháin poiblí. Leagtar amach sa dréacht sin, prEN 18286, ceanglais maidir le dearadh córas bainistíochta cáilíochta do sholáthraithe intleachta saorga.

I Meán Fómhair 2025, bhí NSAI ina ósta ag cruinniú iomlánach idirnáisiúnta ISO/IEC JTC 1/SC 38 faoin Néalríomhaireacht agus Ardáin Dailte ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i Leitir Ceanainn. Tháinig saineolaithe idirnáisiúnta le chéile ag an gcruinniú chun tacú le comhoibriú agus comhordú i ndáil le caighdeáin dhomhanda lena gcuirtear bonn taca faoi fhorbairt, idir-inoibritheacht agus slándáil teicneolaíochtaí néalríomhaireachta agus teicneolaíochtaí digiteacha dailte.

### **Tástáil ar rochtain dhigiteach ar na caighdeáin**

I mí Iúil 2025, sheolamar tástáil bhéite náisiúnta ar fheidhmchlár Lipéid Bháin NSAI-IEC. Leis an tionscnamh sin, tacaítear leis an obair a dhéanann NSAI chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar caighdeáin a rochtain agus a úsáid trí ardán digiteach.

Is tionscnamh comhpháirteach é faoina bhfuil comhaltaí de Choiste Náisiúnta na hÉireann, NSAI/ETC/TC 02 Suiteálacha Leictreacha, ag tástáil conas is féidir caighdeáin náisiúnta amhail I.S. 10101 a úsáid taobh le caighdeáin IEC ar aon ardán amháin. Gheofar aiseolas ó úsáideoirí san fhíorshaol maidir le feidhmiúlacht agus inúsáidteacht, rud a chuirfidh bonn eolais faoi fheabhsuithe breise ar an réiteach digiteach.

Is mór ag NSAI an cúnamh luachmhar ó na daoine a ghlac páirt sa tástáil. Chabhraigh siadsan lena chinntiú go bhfuil an t-ardán in ann freastal ar riachtanais náisiúnta agus riachtanais phraiticiúla feidhmithe, rud a thacaíonn le feabhsú leanúnach ar fud an chórais caighdeánaithe idirnáisiúnta.

**Tacaíonn NSAI le haistriú digiteach na hÉireann trí rannchuidiú le forbairt caighdeán is bonn le muinín, idir-inoibritheacht agus glacadh teicneolaíochtaí digiteacha.**



## Tacaíocht do chúram sláinte agus d'eolaíochtaí beatha

### Feistí leighis

Is mór an pháirt atá ag earnáil na bhfeistí leighis go fóill i ngeilleagar na hÉireann: tacaíonn sí le déantúsaíocht, fostaíocht agus onnmhairí ardluacha, agus tá ról lárnach aici in éiceachóras eolaíochtaí beatha na hÉireann. Bíonn na caighdeáin rithábachtach i dtaobh measúnú comhréireachta a dhéanamh ar fheistí leighis, sábháilteacht agus feidhmíocht táirgí a chinntiú, agus féachaint chuige go mbeidh na próisis déantúsaíochta á rialú agus go mbainfear amach cáilíochtaí ina leith.

Tá Rannóg Caighdeán NSAI fós ag tacú leis an earnáil trína chinntiú go bhfaigheann eagraíochtaí caighdeán amhail ISO, IEC, CEN agus CENELEC ionchur agus aiseolas ón tír seo maidir le caighdeáin feistí leighis a fhorbairt.

Is é Coiste Caighdeán Cúraim Sláinte NSAI (NSAI/TC 5) an fóram náisiúnta d'fheistí leighis neamhleictreacha, lena dtugtar rochtain agus faisnéis do pháirtithe leasmhara náisiúnta maidir le forbairt caighdeán sna réimsí seo a leanas:

- fiaclóireacht
- diagnóisic *in vitro*
- oftailmeolaíocht
- feistí leighis neamhghníomhacha
- feistí ionphlanduithe
- réimsí ábhartha eile.

Díríodh go tréan ar an meastóireacht bhitheolaíoch ar fheistí leighis in 2025 mar gheall ar an athbhreithniú ar ISO 10993-1. Tá feidhm ag an gcaighdeán tábhachtach sin maidir le gach cineál feiste leighis. Foilsíodh an t-athbhreithniú nua amach sa bhliain 2025 agus fágfaidh sé go gceanglófar ar a lán déantóirí sonraí tástála bitheolaíche a athbhreithniú agus a leasú.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar chaighdeáin maidir le nascóirí cró bhig (sraith ISO 80369) freisin. Is comhpháirteanna rithábachtacha iad na nascóirí sin i bhfeistí leighis a úsáidtear chun leachtanna agus gáis a thabhairt d'othair ar bhealach slán sábháilte. Leagtar amach in ISO 80369-1 amach na ceanglais ghinearálta maidir le nascóirí cró bhig. Rinneadh athbhreithniú ar an gcaighdeán sin freisin in 2025, mar gheall ar aighneacht ó shaineolaithe NSAI. Foilsíodh an caighdeán athbhreithnithe i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Réimse eile ar díríodh air ab ea an t-athbhreithniú ar an gcaighdeán maidir le steiriliú le hocaíde eiteilíne (ISO 11135), próiseas atá thar a bheith úsáideach i dtionscal na bhfeistí leighis. Faoi stiúir saineolaí Éireannach a rinneadh an t-athbhreithniú sin. Foilseofar an caighdeán athbhreithnithe in 2026.

Tá a lán tionscadal ar siúl ag coistí trealaimh, bogearraí agus córas leighis IEC agus CENELEC, agus tá dul chun cinn mór déanta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin bhunúsacha IEC 60601-1 agus IEC 62304, le cúnamh ó roinnt saineolaithe Éireannacha. Tá earnáil na bhfeistí leighis leictreacha agus leictreonacha ag glacadh go fonnmhar leis an intleacht shaorga, agus bhí ocht dtionscadal ar bun in 2025 a raibh baint ag an intleacht shaorga nó an mheaisínfhoghlaím leo. Bhain siadsan le réimsí amhail tástáil, bainistíocht riosca agus faireachas iar-mhargaidh i measc eile.

### Sláinte dhigiteach agus faisnéisíocht sláinte

Baineann an Rialachán maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte le leaganacha digiteacha nó leictreonacha a dhéanamh de thaifid sláinte. Tá sé dírithe ar chreat coiteann AE a bhunú maidir le sonraí sláinte leictreonacha a úsáid agus a mhalartú. Beidh sé ina thoradh air go bhfeabhsófar an fháil atá ag daoine ar shonraí sláinte leictreonacha pearsanta agus an smacht atá acu orthu, agus go bhféadfar sonraí áirithe a úsáid chun críocha leasa an phobail, tacaíochta beartais agus taighde eolaíoch.

Le caighdeáin faisnéisíochta sláinte arna bhforbairt le ISO/TC 215 agus arna nglacadh le CEN/TC 251 ar an leibhéal Eorpach, tacaítear le taifid sláinte dhigiteacha a chur chun feidhme. Is é NSAI/TC 21, Faisnéisíocht sláinte, an fóram náisiúnta do pháirtithe leasmhara ábhartha chun eolas a chur ar na caighdeáin ghaolmhara. Is comhaltaí de chuid NSAI/TC 21 iad na páirtithe leasmhara atá bainteach le cur i bhfeidhm an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte, agus ina measc tá an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an tÚdarás um Faisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

I mí an Mheithimh 2025, rinne FSS cur i láthair do NSAI/TC 21 ag ar tugadh an scéala is déanaí faoin rannpháirtíocht náisiúnta i dtionscadail Eorpacha maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte, lena n-áirítear amlínte chun an Rialachán a chur i bhfeidhm. Cuireadh ionchur ar fáil don Údarás um Faisnéis agus Cáilíocht Sláinte le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar a gcaighdeán déimeagrafach náisiúnta sláinte athbhreithnithe. Tá an coiste dírithe ar fheasacht a mhúscaill agus úsáid na gcaighdeán ábhartha idirnáisiúnta faisnéise sláinte, amhail ISO 27269:2025 – Faisnéis Sláinte – Achoimre idirnáisiúnta othar, a chur chun cinn.

### Eolaíochtaí beatha agus biteicneolaíocht

In 2025, sheol an Coimisiún Eorpach straitéis i leith eolaíochtaí beatha na hEorpa chun an Eoraip a chur chun cinn mar áit tharraingteach don taighde agus forbairt sna heolaíochtaí beatha. Tá na caighdeáin rithábachtach lena chinntiú go bhfuil forbairtí nuálacha sna heolaíochtaí beatha réidh don mhargadh agus sábháilte lena n-úsáid.

Tá coiste teicniúil NSAI/TC 21 Biteicneolaíocht ag déanamh faireachán ar obair ISO TC 276, faoina bhfuil caighdeáin á mbunú sna réimsí seo a leanas:

- bithbhainc agus bithacmhainní
- modhanna anailíseacha
- bithphróiseáil
- córais mhicreafhisiceacha
- orgánóidigh
- próiseáil sonraí
- comhtháthúcháin
- aigéad núicléasach
- feistí bunaithe ar phróitéin.

Bhí an t-athbhreithniú ar ISO 20387 – Biteicneolaíocht – Bithbhainc éireacht ina mhír thábhachtach ar chlár oibre NSAI/TC 21. Sonraítear sa chaighdeán sin na ceanglais ghinearálta maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus oibriú comhsheasmhach bithbhanc. Reáchtáil NSAI ceardlann i mí na Samhna 2025 chun daoine a spreagadh le trácht a fhágáil ar an athbhreithniú seo.

In 2025, i gcomhar leis an Lárionad Comhpháirteach Taighde (JRC) agus an tionscnamh réamhbhreathnaitheachta *Putting Science into Standards*, reáchtáil CEN ceardlann ar bhithphriontáil 3T chun tacú le forbairt treochláir maidir le caighdeáin don todhchaí i leith na teicneolaíochta seo atá ag teacht chun cinn. D'éascaigh NSAI don rannpháirtíocht náisiúnta san obair sin trí rannpháirtíocht a spreagadh i measc phobal taighde na hÉireann, agus taighdeoirí in ollscoileanna éagsúla san áireamh, agus ar an gcaoi sin thacaigh sé le hionchur na hÉireann i ndíospóireachtaí luathchéime maidir le caighdeánú ar leibhéal na hEorpa.

In 2025, chuaigh NSAI i gcomhairle leis an Aonad Eolaíochtaí Beatha nuabhunaithe sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta chun ionchur a chur ar fáil maidir le forbairt caighdeán mar chuid den chomhairliúchán poiblí ar an Straitéis Náisiúnta Eolaíochtaí Beatha.

## Rannpháirtíocht le taighdeoirí agus nuálaithe

Molaimid go mór do thaighdeoirí agus do nuálaithe a bheith páirteach i bhforbairt caighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ós rud é go bhfuil caighdeáin rithábachtach chun nuálaíocht agus iomaíochas a chumasú, is luachmhar an rud é an t-ionchur ó phobal taighde na hÉireann.



I mí Mheán Fómhair 2025, ghlac NSAI páirt sa chéad imeacht bainistíochta nuálaíochta in Éirinn – IMPXCT. Ba iad comhaltaí Choiste Teicniúil NSAI a d'éagraigh an t-imeacht, a bhí ar siúl in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Cuireadh samplaí i láthair de thionchar na bainistíochta nuálaíochta ó thaobh cumasúcháin de agus leagadh béim ar an gcaoi a bhféadfadh caighdeáin ISO 56001 a bheith ina n-uirlisí nuálaíochta d'éagraíochtaí, bídis beag nó mór.

Glacann NSAI páirt ghníomhach i nGradaim Caighdeán + Nuálaíochta CEN CENELEC trí ainmniúchán a dhéanamh ar shaineolaithe agus nuálaithe ceannródaíocha a bhíonn ag plé le taighde agus caighdeáin. Ar an gcaoi sin, tugtar aitheantas ar leibhéal na hEorpa don obair a dhéantar in Éirinn i ndáil le caighdeánú agus nuálaíocht.

## Rannpháirtíocht le gairmithe atá ag teacht chun cinn

### Clár Gairmithe Óga IEC

Glacaimid páirt i gClár Gairmithe Óga IEC gach bliain. Faoin tionscnamh sin, ainmnítear rannpháirtithe trína gcoistí náisiúnta féin chun ionadaíocht a dhéanamh dá dtíortha ar an ardán idirnáisiúnta. In 2025, bhí Callum Bergin ó ESB Networks agus Swathi Halawai ó Dell Technologies ina n-ionadaithe d'Éirinn ag Cruinniú Ginearálta bliantúil IEC i nDeilí Nua, san India.

### Clár NSAI do Ghairmithe atá ag Teacht Chun Cinn

Lean NSAI leis an obair chun clár dá chuid féin a fhorbairt do Ghairmithe atá ag Teacht Chun Cinn chun buíon chumasach lucht caighdeánaithe den chéad ghlúin eile a chothú. Reáchtáil na Gairmithe sin a ndara cruinniú neamhfhoirmiúil i mí na Nollag 2025.

Cuireadh Rannóg Caighdeán NSAI ar an ngearrliosta ag Gradaim na Meán Digiteach 2025 don fheachtas #MoreThanStandard, lena ndírítear aird ar an gClár do Ghairmithe atá ag Teacht Chun Cinn.



# Deimhniúchán: Margaí a oscailt agus fás a chumasú

Bunaíonn agus feidhmíonn NSAI, NSAI Inc and NSAI Certification UK scéimeanna cuimsitheacha deimhniúcháin i leith táirgí, seirbhísí agus próiseas. Is ar thacú le lucht tionsclaíochta na hÉireann is mó atá siad dírithe.

Is comhlacht dá dtugtar fógra é NSAI faoi reachtaíocht an Aontais i leith na gcatagóirí táirgí seo a leanas:

- feistí leighis
- táirgí foirgníochta
- uirlisí tomhais.

I gcás gnólachtaí atá ag lorg measúnú comhréireachta, ní mór dóibh a léiriú go bhfuil sásraí oiriúnacha rialaithe táirgí agus déantúsaíochta acu lena áirithiú go gcomhlíonfaidh na táirgí na caighdeáin, agus go gcoinnítear na sásraí sin i bhfeidhm.

An deimhniúchán a dhéanann NSAI ar chóras bainistíochta, tacaíonn sé le bainistiú eolais eagraíochta ar fud an phróisis bainistíochta, cuireann sé le héifeachtúlacht agus laghaíonn sé rioscaí.

Is féidir le cuideachta nó eagraíocht próisis cháilíochta inmheánacha agus próisis eile a bhunú, a choinneáil ar bun agus a fhaomhadh agus iad ag baint úsáid as creat deimhniúcháin cruthaithe maidir le córais bhainistíochta. Leis an deimhniúchán ar chórais bhainistíochta, déanann tríú páirtí measúnú agus bailíochtú neamhspleách ar chomhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta agus bíonn an deimhniúchán ina thagarmharc domhanda le haghaidh rochtain ar an margadh.

**Ach deimhniúchán ó NSAI a bheith acu, bíonn buntáiste iomaíoch ag cuideachtaí maidir le gnó nua a aimsiú sa bhaile agus thar lear.**

## Céard atá i gceist le deimhniúchán táirgí (comhartha CE)?

Is ceanglas dlíthiúil é comhartha CE a bheith faighte chun táirgí áirithe, amhail feistí leighis agus táirgí foirgníochta, a chur ar an margadh san Aontas Eorpach agus i mballstáit LEE. Má tá comhartha CE ar tháirge, is dearbhú é sin ón déantóir go gcomhlíonann sé treoracha agus rialacháin infheidhme an Aontais.

Faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, ceann a ndearnadh athbhreithniú air le déanaí, tugtar isteach ceanglais nuashonraithe maidir le táirgí foirgníochta a bheith ar an margadh san Aontas, rud a neartaíonn arís eile an creat le haghaidh sábháilteachta, inbhuanaitheachta agus comhlíontachta. Toisc go bhfuil sé ar cheann de chomhlachtaí an Aontais dá dtugtar fógra, tá ról ríthábhachtach ag NSAI maidir le táirgí a dheimhniú lena chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir leis na rialacháin.

Ní gá measúnú comhréireachta tríú páirtí a bheith ag gach táirge, áfach. Má cheadaítear é faoin dlí, féadfaidh an déantóir féin a dhearbhu go bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha nó na caighdeáin Eorpacha chomhchuibhithe ábhartha á gcomhlíonadh aige.

## Cad é an comhartha UKCA?

Tá creidiúnú ag NSAI Certification UK Ltd ó Sheirbhís Creidiúnaithe na Ríochta Aontaithe as a chuid oibre faoin gcomhartha UKCA i leith na Foirgníochta, Uirlisí Tomhais agus Meánna Neamh-Uathoibríocha.

Tá feidhm ag an gcomhartha UKCA maidir le formhór na dtáirgí a bhfuil an comhartha CE infheidhme maidir leo. Tá gealltanús tugtha ag rialtas na Ríochta Aontaithe aitheantas a thabhairt don chomhartha CE, áfach, rud a chinnteoidh rochtain leanúnach ar an margadh do tháirgí cáilitheacha sa Ríocht Aontaithe.





# Deimhniúchán: Barr Feabhas sa Ghnó

Cuireann Ionad Bairr Feabhais NSAI réimse cuimsitheach seirbhísí deimhniúcháin tríú páirtí ar fáil ar fud earnálacha éagsúla tionscail.

Eisítear deimhniúcháin d'eagraíochtaí i mbreis agus 40 tír agus cuirtear scéimeanna bainistíochta ar fáil do thionscail éagsúla amhail:

- ISO 9001 (Córais Bainistíochta Cálíochta)
- ISO 14001 (Córais Bainistíochta Comhshaoil)
- ISO 45001 (Córas Bainistíochta um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde)
- ISO 50001 (Córais Bainistíochta Fuinnimh)
- FSSC 22000 (Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bia)
- ISO 27001 (Córais Bainistíocht Slándála i leith Faisnéise).

Leis na caighdeáin sin, cuirtear ar a gcumas do ghnólaigh fás, cur lena n-athléimneacht, agus a spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Anuas air sin, feidhmíonn NSAI scéim lipéadaithe comhshaoil an Aontais Eorpaigh, ar a dtugtar Éicilipéad an Aontais. Is bealach é sin chun aird a dhíriú ar tháirgí agus seirbhísí a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu, féachaint chuige gur féidir brath ar an méid a mhaítear i dtaobh tionchar ar an gcomhshaol agus dul i ngleic leis an snas glas.

Rinneadh dul chun cinn mór maidir le Barr Feabhas sa Ghnó in 2025: bhí borradh faoin deimhniúchán agus faoin nuálaíocht dhigiteach agus cuireadh leis an tiomantas don inbhuanaitheacht, don éagsúlacht agus don ionchuimsiú. Is bunús láidir iad na nithe sin le haghaidh bliain mhaith eile in 2026.

D'éirigh linn an creidiúnú a choinneáil ar bun i leith scéimeanna lárnacha uile NSAI agus sheolamar tairiscint nua neamhchreidiúnaithe maidir le fíorú gás ceaptha teasa (GCT) (a bhfuil sé beartaithe creidiúnú a fháil ina leith). Chuireamar sceideal lárnach i bhfeidhm freisin le haghaidh iniúchtaí athmheasúnaithe, rud a chuireann le héifeachtúlacht na hoibre agus a chuidíonn linn acmhainní a phleanáil.

## Claochlú digiteach

Chríochnaigh an tIonad Bairr Feabhais ag ullmhú chun ardán nua bainistíochta caidrimh le custaiméirí (CRM) a chur i bhfeidhm, chun sreafaí oibre iniúchóireachta a uathoibriú agus feabhas a chur ar an tseirbhís do chliaint.

D'fhorbraíomar pacáiste tacaíochta feabhsaithe ar líne i gcomhair ISO 27001 (Córais Bainistíochta Slándála Faisnéise), ionas go bhfuil acmhainní féinmheasúnaithe agus treoir dhigiteach ar fáil anois d'eagraíochtaí, go háirithe FBManna.

## Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus ceannaireacht ó thaobh smaointeoireachta de

Cuidíonn an tIonad Bairr Feabhais le faisnéis a scaipeadh ar an leibhéal náisiúnta agus le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara trí pháirt a ghlacadh i gcomhdhálacha tábhachtacha. Rinne baill foirne cur i láthair maidir leis an dul chun cinn i leith thionscadal TrustBoost an Aontais ag an gComhdháil náisiúnta Cyber Ireland i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus chuaigh siad i gcomhairle le páirtithe leasmhara ón earnáil tionsclaíochta, ón lucht acadúil agus ón rialtas maidir le nuálaíocht agus forbairtí deimhniúcháin i réimse na cibearshlándála. Chuir baill foirne leis an teagmháil le lucht acadúil trí thaighde a chur i láthair ag comhdháil taighde i nGaillimh i mí na Nollag 2025, ina ndearnadh scrúdú féachaint an bhfuil FBManna na hÉireann ullamh i gcomhair dheimhniúcháin cibearshlándála an Aontais Eorpaigh agus inar aimsíodh bearnaí maidir le Creat Deimhniúcháin Cibearshlándála an Aontais a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, bhí ról ceannródaíoch ag ionadaithe ón Ionad Bairr Feabhais i gcéad Chruinniú Mullaigh Bainistíochta Nuálaíochta na hÉireann, a tionóladh i mBaile Átha Cliath in 2025, áit ar thug siad léargas saineolach ar chur i bhfeidhm ISO 56001, ar leag siad amach conairí deimhniúcháin féideartha d'earnáil tionsclaíochta na hÉireann, agus ar thacaigh siad le cumas bainistíochta nuálaíochta a fhorbairt ar fud an éiceachórais náisiúnta.

Leanamar orainn freisin ag treorú Thionscadal Cibearshlándála TrustBoost an Aontais: rinneamar breis agus 1,200 uair an chloig oiliúna agus bhíomar ag obair ar ardán deimhniúcháin cibearshlándála uile-Eorpach.

## Achoimre ar 2025: Barr Feabhas sa Ghnó

# 4,614

deimhniú nua eisithe i leith córais bhainistíochta

# 4,309

líon na laethanta iniúchta i níos mó ná 40 tír, méadú 19% ar 2024

# Deimhniúchán: Feistí Leighis

## Cliantchuideachta de chuid NSAI: Steripack Ireland i gCo. na hIarmhí

*Is speisialtóirí pacáistithe cúraim sláinte iad Steripack Ireland a sholáthraíonn réitigh déantúsaíochta nuálacha don earnáil feistí leighis óna mbunáit sa Champas Eolaíochta i Muileann gCearr. Cuidíonn pacáistiú bacainn steiriúil na cuideachta le héilliú a sheachaint agus earraí a bheith steiriúil, rud a laghdaíonn an riosca ionfhabhtuithe.*

*Tá Rannóg Feistí Leighis NSAI roghnaithe ag an gcuideachta mar a soláthraí deimhniúcháin, agus tá sí creidiúnaithe i leith I.S. EN ISO 13485: 2016 (Córais Bainistíochta Cáilíochta).*

**Tá cliant nua á mealladh aici dá bharr sin.** Chomh maith leis sin, tá Steripack Ireland ag cur ar a súile do dhéantóirí feistí leighis – idir chliant agus chliant ionchasacha – go bhfuil sé díograiseach i dtaobh feabhsú leanúnach, sábháilteacht agus cáilíocht ar fud na cuideachta.

*Rannchuidíonn saineolaithe ó Steripack Ireland le caighdeán Éireannacha agus idirnáisiúnta a fhorbairt freisin. Tá ionadaithe ag an gcuideachta ar roinnt coistí teicniúla agus roinnt meithleacha atá á gcomhordú ag Rannóg Caighdeán NSAI, lena n-áirítear Cúram Sláinte (NSAI/TC 5) agus Steirilitheoirí agus Steiriliú agus Glanadh (NSAI/TC 5/SC 9).*

Trí dheimhniú a fháil agus rannchuidiú le caighdeán trí mheán NSAI, léirítear feabhas agus tionchar leanúnach

Cuireann Rannóg Feistí Leighis NSAI seirbhísí deimhniúcháin rialála agus measúnaithe comhréireachta ar fáil i ndáil le feistí leighis, agus tá saineolas ar an tionscal agus uirlisí digiteacha feabhsaithe aici chun tacú leis na seirbhísí sin. Trína dheimhniúchán mar Chomhlacht dá dTugtar Fógra agus mar Chomhlacht Deimhniúcháin ISO agus trína údarú MDSAP, cuireann NSAI ar a gcumas do dhéantóirí Éireannacha a dtáirgí a dhíol ar mhargaí domhanda.

In 2025, bhí an Rannóg **Feistí Leighis** ag feidhmiú i dtimpeallacht rialála agus margaí an-dúshlánach, ina raibh forbairt leanúnach á déanamh ar Rialacháin an Aontais maidir le Feistí Leighis agus ar na Rialacháin maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro, agus ina raibh méadú ar na hionchais i dtaobh comhlachtaí dá dtugtar fógra.

Mar fhreagra air sin, rinneamar athbhreithniú cuimsitheach ar ár gcumas eagraíochtúil agus ar ár samhail seachadta.


I measc na bpríomhthascanna a rinneamar le linn 2025 bhí struchtúr eagraíochtúil seasmhach a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó shocrúithe rialachais feabhsaithe agus pleananna oiliúna cuimsitheacha, bunaithe ar ról, ar fud Rannóg Feistí Leighis NSAI. Is é seo a leanas an cuspóir a bhí leis sin:

- ár n-acmhainn theicniúil a neartú maidir le cineálacha teicneolaíochta feistí
- comhsheasmhacht agus trédhearcacht a fheabhsú i ndáil le gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta, agus
- cuntasacht a threisiú ar gach leibhéal soláthair.

Chomh maith leis sin, rinneamar dul chun cinn maidir le hathshuíomh straitéiseach a dhéanamh ar Rannóg Feistí Leighis NSAI, le clár claochlaithe a bhí dírithe ar an Rannóg a bheith ina tairseach rialála dhomhanda do dhéantóirí Éireannacha. Táimid fós dírithe go tréan ar éifeachtúlacht oibriochtúil, sármhaitheas rialála, agus rogha bealaí chuig an margadh, agus béim láidir á cur againn ar leas an phobail agus ar shábháilteacht othar.

I rith 2025, leanamar orainn ag tacú le déantóirí Éireannacha agus déantóirí idirnáisiúnta maidir le deimhniúchán rialála a bhaint amach, agus muid ag infheistiú i gcumas na mbail foirne, i bhfaisnéis rialála agus i bhfeabhsú próiseas.

Leis sin, leagadh síos an bhunchloch le haghaidh tuilleadh comhdhlúthaithe in 2026. Tá sé ina chuspóir againn an t-ualach riaracháin ar an earnáil tionsclaíochta a laghdú, an digitiú a chur chun cinn agus cur leis an rochtain ar chonairí rialála, rud a neartóidh an athléimneacht agus an cumas iomaíochais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.



## Achoimre ar 2025: Feistí Leighis

**13**

dheimhniú eisiithe faoin Rialachán  
maidir le Feistí Leighis

**4**

lón na dtuairimí ó chomhlacht  
dá dtugtar fógra a eisíodh

**114**

lón na n-athruithe substaintiúla  
rialála a próiseáladh

**2,782**

lón na laethanta a caitheadh  
ar iniúchtaí ar fheistí leighis,  
ar fud an domhain





# Deimhniúchán: Modhanna Nua-aimseartha Foirgníochta

Cuimsítear le Modhanna Nua-aimseartha Foirgníochta (MMC) teicneolaíocht, modheolaíochtaí, próisis agus córais foirgníochta nua agus nuálacha a fheabhsaíonn an táirgiúlacht, go háirithe foirgníocht lasmuigh den láthair.

Ó bunaíodh **Rannóg Modhanna Nua-aimseartha Foirgníochta NSAI** i mí an Mheithimh 2023, tá méadú seasta tagtha ar an éileamh ar an scéim deimhniúcháin dheonach sin.

Faoi phlean tithíochta nua an rialtais, *Tithe á dtógáil, Pobail á gCothú 2025-2030*, gealltar an táirgiúlacht a fheabhsú san earnáil foirgníochta trí úsáid a bhaint as MMC. Deirtear sa phlean go mbeidh an Rialtas ag obair le NSAI lena chinntiú go n-eiseofar deimhnithe rialála uileghabhálacha go tráthúil agus go ndéanfar rialacháin na hÉireann a chomhchuibhiú le rialacháin an Aontais chun deiseanna nua margaidh a oscailt.

Tá NSAI ag tacú leis an bplean náisiúnta tithíochta nua trí:

- leanúint de scéim deimhniúcháin maidir le Modhanna Nua-aimseartha Foirgníochta a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bpróiseas measúnaithe ar chórais foirgníochta cónaithe, faoin scéim deimhniúcháin *Agrément*
- foilsiú na treorach *Guide to Agrément Certification for Modern Methods of Construction* agus foilsiú ceistneora maidir le hullmhacht i leith deimhniúcháin i dtaobh MMC
- Sraith Uirlisí MMC nua NSAI a chur chun cinn (ag [NSAI.ie/MMCToolkit](https://www.nsa.ie/MMCToolkit)), do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide
- a bheith ag obair ar na gníomhartha a cuireadh faoi chúram NSAI sa Phlean Náisiúnta Tithíochta.

Bíonn sé i gceist le MMC measúnú a dhéanamh ar mhodhanna cóimeála lasmuigh den láthair agus ar an láthair, amhail foirgníocht mhodúlach thoirtmhéadrach 3T agus córais painéal 2T nó frámaí atá déanta as cruach thanaí (LGS). Cuireann NSAI deimhniúcháin ar fáil do chéim na déantúsaíochta lasmuigh den láthair agus don chóimeáil ar an láthair, chomh maith le ceadú i leith córais foirgníochta MMC agus cinn mhodúlacha.

Is féidir linn freastal ar chomhlíonadh maidir le córais foirgníochta a shuiteáil ar an láthair freisin faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) – BCAR 2014, trí dheimhniúcháin coimhdeach a chur ar fáil do dhéantóirí lasmuigh den láthair.

Cinntíonn NSAI, i ndáil le córais foirgníochta dheimhnithe, go n-úsáidtear ábhair thógála agus modhanna cuí cóimeála agus suiteála, agus go n-oireann na próisis táirgthe a úsáideann monarchana do láithreacháin Éireannacha i dtaobh marthanachta, sábháilteachta agus dálaí aeráide de (amhail gálaí baistí, taise agus araile), i gcomhréir leis na Rialacháin Foirgníochta Éireannacha atá i bhfeidhm faoi láthair (1990 go 2024).

Leis an mbéim atá á leagan ar rialú cáilíochta, féachtar chuige go leanfaidh gnólachtaí na ceanglais rialála atá leagtha síos agus go gcuirfidh siad córais foirgníochta modúlaí iontaofa, bheacht-mhonaraithe ar fáil.

Bímid fós ag obair agus ag plé le príomhdhéantóirí lasmuigh den láthair in Éirinn agus thar lear, ionas gur féidir a dheimhniú go gcomhlíonann a gcórais foirgníochta (amhail córais thoirtmhéadracha 3T nó córais painéal 2T) na rialacháin foirgníochta atá i bhfeidhm sa tír seo faoi láthair chomh maith le Treoracha ón Aontas Eorpach agus rialacháin ábhartha eile.

Rinne an Rannóg MMC iniúchtaí faireachais ar an liosta eagraíochtaí atá deimhnithe faoi láthair i dtaobh MMC, mar atá cláraithe ar shuíomh gréasáin NSAI, agus atá deimhnithe faoin scéim deimhniúcháin *Agrément* i ndáil le foirgníocht mhodúlach.

Tá ról gníomhach ag NSAI i dtionscnaimh náisiúnta lena dtacaítear leis an earnáil foirgníochta trína rannpháirtíocht sa Mheitheal Earnála Foirgníochta idir-rannach agus tionscail. Tríd an rannpháirtíocht sin, cuireann NSAI saineolas ar fáil maidir le cur chuige comhordaithe a fhorbairt atá dírithe ar nuálaíocht i leith na foirgníochta. Glacann NSAI páirt freisin sa *Mheitheal um Adhmad san Fhoirgníocht* a bhíonn ag plé le Rialáil, Caighdeáin agus Comhlíonadh, agus muid ag tacú le creataí stuama rialála agus caighdeán a chomhtháthú ionas gur ar bhealach sábháilte, inbhuanaithe a chuirfear i bhfeidhm teicneolaíochtaí foirgníochta atá bunaithe ar adhmad.

## Achoimre ar 2025: MMC

# 6

Líon na ndeimhnithe MMC *Agrément* a nuashonraíodh ionas go gcomhlíonfaí na rialacháin nua maidir le Sábháilteacht Dóiteáin (TGD Cuid B 2024)

# 6

Líon na ndeimhnithe MMC nua atá á bpróiseáil

## Uirlisí NUA MMC de chuid NSAI

Seoladh iad i mí na Bealtaine 2025 chun tacú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide ([NSAI.ie/MMCToolkit](https://www.nsa.ie/MMCToolkit))

# Deimhniúchán: Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha

Soláthraíonn **Rannóg NSAI um Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha** deimhniúchán ar chórais agus táirgí foirgníochta do thionscal foirgníochta na hÉireann. Tá an rannóg rithábachtach i dtaca le misean NSAI maidir le nuálaíocht a chothú ar mhaithe le saol níos sábháilte, níos fearr agus níos inbhuanaithe.

Reachtálaimid scéimeanna deimhniúcháin chun comhlíonadh, cáilíocht agus inbhuanaitheacht táirgí, córas agus suiteálaithe foirgníochta a fhíorú, agus muid ag tacú le nuálaíocht thionsclaíoch agus aidhmeanna beartais náisiúnta araon, lena n-áirítear pleananna an Rialtais maidir le gníomhú aeráide agus an tithíocht.

Tá ár sprioc maidir le feabhas a chur ar chúrsaí deimhniúcháin i réimse na foirgníochta bunaithe ar an tiomantas atá againn i dtaobh nuálaíocht agus inbhuanaitheacht a chothú. Trínár seirbhísí deimhniúcháin a nuashonrú i gcónaí chun go mbeidh siad ag teacht leis an dea-chleachtas agus chun cabhrú leis an earnáil tionsclaíochta a bheith níos éifeachtaí, cinntimid go mbíonn ár seirbhísí ábhartha, éifeachtach agus gur cinn ardtionchair iad.

Tá an Rannóg um Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha ina cathaoirleach ar an Meitheal Idirchaidrimh um Foirgníocht san Earnáil Phoiblí. Leis sin, cothaítear comhar agus cumarsáid i measc na bpáirtithe leasmhara poiblí tábhachtacha san earnáil foirgníochta, agus é ina aidhm an obair sin a bheith níos táirgiúla, níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe.

Leanfaidh NSAI de bheith dírithe ar fheabhsú leanúnach, agus muid ag coinneáil suas le caighdeáin tionscail agus le tosaíochtaí an Rialtais. Tá an dlúthchomhar le coistí ábhartha éagsúla agus an t-athbhreithniú rialta ar an dea-chleachtas ina mbonn ag an bhforbairt leanúnach a dhéantar ar scéimeanna deimhniúcháin, rud a chinntíonn go mbíonn siad i gcónaí stuama, ábhartha agus luachmhar.



## Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

Bhí NSAI páirteach i roinnt coistí Eorpacha agus Éireannacha chun bheith seasta ag cur feabhas ar ár scéimeanna deimhniúcháin agus chun spriocanna na straitéise tithíochta agus an ghníomhaithe aeráide a chur san áireamh iontu.

Trí rannpháirtíocht shaineolach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa, chuireamar saineolas teicniúil ar fáil, roinneamar an dea-chleachtas agus chuamar i bhfeidhm ar na caighdeáin agus na rialacháin lena rialaítear deimhniúchán táirgí foirgníochta.

Leis an gcur chuige comhoibríoch sin, cinntítear go mbíonn na scéimeanna i gcónaí ábhartha, réamhbhreathnaitheach, agus go ndéantar tosaíochtaí an Rialtais i dtaobh tithíochta agus cúrsaí aeráide a leabú sa chreat rialála.

Bíonn tionchar díreach ag na tuiscintí a fhaighimid ón rannpháirtíocht sna coistí ar an gcaoi a bhforbraímid ár seirbhísí deimhniúcháin agus a ndéanaimid iad a bheachtú.

## Achoimre ar 2025: Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha

# 1,162

Líon na ndeimhnithe táirgí foirgníochta a eisíodh ar bhonn Rialacháin Eorpacha maidir le Táirgí Foirgníochta agus Scéim Deimhniúcháin *Agrément*

# 332

Líon na suiteálaithe inslithe a cláraíodh tar éis meastóireachta, lena bhfíoraítear go bhfuil siad inniúil agus go gcomhlíonann siad caighdeáin

# Deimhniúchán: Samhaltú Faisnéise Foirgníochta

Ba i mí na Nollag 2024 a bunaíodh **Rannóg NSAI um Shamhaltú Faisnéise Foirgníochta (Building Information Modelling nó BIM)** agus is colún lárnach anois é den deimhniúchán foirgníochta digiteach in Éirinn.

Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus faoin bplean tithíochta nua, bunaítear creat beartais comhtháite chun BIM a ghlacadh, rud a thacaíonn le táirgiúlacht agus le cáilíocht fheabhsaithe maidir le bonneagar agus aonaid tithíochta a thógáil. Tá NSAI ag rannchuidiú leis an gcreat sin trí aghaidh a thabhairt ar an mborradh atá faoin éileamh ar dheimhniúchán, lena dtreisiúar cumas agus comhsheasmhacht ar fud na hearnála.

Bhíomar dírithe in 2025 ar ár gcuid seirbhísí deimhniúcháin a bhunú agus dul i gcomhairle leis an earnáil. Chun cur le tuiscint an tionscail ar na seirbhísí sin, ghlacamar páirt i roinnt imeachtaí, d'fhoilsíomar dhá chás-staidéar sa tsraith *Interview Focus* agus thugamar seimineár gréasáin le Construct Innovate ar an luach a ghabhann le deimhniúchán BIM.

## Tionchar idirnáisiúnta

Ghlacamar páirt i gcoiste stiúrtha Thascghrúpa BIM an Aontais Eolais agus chomhordaíomar aiseolas náisiúnta maidir le hathbhreithniú ar ISO 19650, Cuid 1, 2 agus 3, agus tá coinne againn le dréacht-Chaighdeán Idirnáisiúnta le haghaidh comhairliúcháin phoiblí sa chéad ráithe de 2026.

## Aitheantas ón tionscal agus ceannaireacht smaointeoireachta

Tugadh aitheantas don obair a dhéanann NSAI nuair a ainmníodh an fhoireann ar an ngearrliosta do Thionscnamh BIM na Bliana ag Gradaim Thionscal Foirgníochta na hÉireann 2025. Chuir NSAI le heolas na hearnála freisin trí pháipéar taighde piarmheasúnaithe a fhoilsiú, *Benchmarking Organisational BIM Certification in Ireland*, páipéar a moladh go mór as an gcomhoibriú idir an tionscal agus an lucht acadúil.

Leanann NSAI de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus glacadh BIM mar ghné bhunúsach d'earnáil foirgníochta agus timpeallacht thógtha na hÉireann agus soláthraíonn sé creat bunaithe ar chaighdeán chun tacú le comhsheasmhacht, cáilíocht agus cumas digiteach ar fud an tionscail.

## Achoimre ar 2025: BIM

Ina céad bhliain iomlán oibríochta, láimhseáil foireann na Rannóige BIM an méid seo a leanas:

# 65

fiosrúchán nua maidir le deimhniúcháin

# fuarthas 8


n-iarratas nua ar dheimhniúchán

# críochnaíodh 12

lá iniúchta ar dheimhniúcháin nua agus 20 lá iniúchta ar dheimhniúcháin sheanbhunaithe

# eisíodh 26

deimhniú BIM





# Deimhniúchán:


## Deimhniúchán Táirgí Feithicleacha

Is é NSAI atá ainmnithe ina údarás ceadúnúcháin in Éirinn i leith scéimeanna cineálcheadaithe mótarfheithiclí CE agus UN-ECE araon, agus tá a Rannóg um Deimhniúchán Táirgí Feithicleacha ar thús cadhnaíochta maidir leis an teicneolaíocht fheithicleach.

Is é cineálcheadú an Aontais an próiseas deimhniúcháin éigeantach lena gcinntítear go gcomhlíonann feithiclí, comhpháirteanna agus córais nua dianchaighdeáin sábháilteachta, chomhshaoil agus táirgthe an Aontais. Is iad údaráis náisiúnta san Aontas (amhail NSAI in Éirinn) atá ina bhun, agus fágann sé gur féidir feithiclí atá ceadaithe i mballstát amháin a dhíol ar fud an Aontais gan seiceálacha breise.

Is muidne údarás cineálcheadaithe na hÉireann do scéimeanna an Aontais agus UN-ECE agus tacaímid leis an rochtain ar an margadh náisiúnta agus Eorpach i gcás feithiclí, córais agus comhpháirteanna.

### Sampla de chomhartha ceadaithe UN-ECE



### Eachtaí rialála agus teicniúla

- Ullmhacht i gcomhair Euro 7:** Bhí NSAI páirteach ón tús san obair chun tacú le hullmhacht Monaróra Trealamh Bunaigh i gcomhair Rialachán (AE) 2024/1257 (Euro 7) agus táthar ag pleanáil le haghaidh dátaí iarratais idir 2026-2029.
- SERMI (Faisnéis faoi Dheisiú agus faoi Chothabháil a bhaineann leis an tSlándáil):** D'ullmhaíomar i gcomhair chreidiúnú ISO/IEC 17020 chun SERMI a chur i bhfeidhm in Éirinn in 2026. Is creat é SERMI maidir le faisnéis a rochtain faoi dheisiú agus cothabháil feithiclí ar bhonn caighdeáin slándála agus deimhnithe slándála, agus ar an gcoinníoll go bhfuil oibreoirí neamhspleách ceadaithe agus údaraithe.
- Ceannaireacht i dtaobh cineálcheadú digiteach:** Chuireamar cruthúnas coincheapa bunaithe ar XML faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ionas nach mbeifear ag brath chomh mór ar chomhaid PDF. Tá NSAI ag déanamh ionadaíochta d'Éirinn ar an tionscnamh digitithe seo atá dírithe ar thuairisciú bunaithe ar XML a chomhchuiubhiú ar fud bhallstáit an Aontais, agus is é atá ina chathaoirleach air.
- Tiomáint uathrialaitheach agus tiomáint uathoibrithe:** Thacaíomar leis an Roinn Iompair i dtaobh creat tástála náisiúnta a dhearadh d'fheithiclí uathrialacha agus chun a straitéis nua a ullmhú maidir le feithiclí nasctha agus feithiclí uathrialaitheacha. Chun tacú leis an tionscnamh sin agus chun Éire a ullmhú don teicneolaíocht sin, chuireamar dlús lenár rannpháirtíocht ar leibhéal UNECE agus leibhéal an Aontais.

### Claochlú digiteach

Chuireamar feabhas ar ár bpróiseas cigireachta ATP gan pháipéar trí uathghiniúint deimhnithe atá comhtháite leis an tsamhail caidrimh le custaiméirí (CRM) atá ag NSAI. Leis sin, laghdaíodh an méid láimhseáil láimhe atá de dhíth agus an t-achar ama a thógann an chigireacht.

Bhunaíomar tairseach custaiméirí chun rianú fíor-ama a dhéanamh ar iarratais ar fud seirbhísí teicniúla áirithe, rud a d'fhág go raibh an próiseas níos trédhearcaí dhéantóirí agus do sheirbhísí teicniúla.

### Cáilíocht agus creidiúnú

Chuireamar deimhniúchán feithicleach i bhfeidhm i gCórais Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001 NSAI agus rinneamar dul chun cinn maidir le bheith ullamh i gcomhair SERMI (ISO/IEC 17020).

Tá ár Rannóg um Dheimhniúchán Táirgí Feithicleacha fós ag cur le scála a cuid oibríochtaí ar bhealach freagrach – agus í ag neartú cáilíochta, ag leathnú na rochtana digití, agus ag cur leis an saineolas rialála atá aici. Leis an obair sin, tacaítear le córas feithicleach níos sábháilte, níos glaine agus níos iomaíche d'Éirinn agus dár gcomhpháirtithe Eorpacha.

## Achoimre ar 2025: Deimhniúchán Táirgí Feithicleacha

Inár ról mar údarás cineálcheadaithe na hÉireann do scéimeanna AE agus UN-ECE, d'eisiomar:

10,150

ceadú

5,481

ceadú AE/NA

4,669

ceadú náisiúnta (IVA/NSSTA)

# Deimhniúchán: NSAI Inc

Is é príomhchuspóir straitéiseach **NSAI, Inc.** ná a chur ar a gcumas d'eagraíochtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta rochtain a bheith acu ar scéimeanna deimhniúcháin ar fud mhargaí na hÉireann, na hEorpa agus na Stát Aontaithe, rud a thacaíonn le comhlíonadh rialála agus le dul isteach sa mhargadh.

Tá punann chuimsitheach ag NSAI Inc. de sheirbhísí deimhniúcháin córas bainistíochta, lena n-áirítear ISO 9001, ISO 14001, ISO 45001, ISO 50001, TL 9000, AS 9100, ISO 27001, R2, ISO 20000, agus ISO 22301.

Is suíomh rithábachtach é freisin do Chomhairle Caighdeán Cheanada, eagraíocht a chuireann seirbhísí deimhniúcháin ar fáil i leith ISO 13485, don Chlár Iniúchóireachta Aonair um Fheistí Leighis (MDSAP) agus do Chomharthaí CE a eisíonn Comhlacht dá dTugtar Fógra um Fheistí Leighis.

## Deimhniúchán ar an Intleacht Shaorga

In 2026, cuirfidh NSAI, Inc. i gcrích creidiúnú ANAB i leith ISO 42001, rud a chuirfidh ar a chumas dó seirbhísí deimhniúcháin tríú páirtí a chur ar fáil i leith córais bhainistíochta Intleachta Saorga. Fágfaidh sé sin go mbeidh NSAI, Inc. ar cheann de na chéad chláraitheoirí a chuirfidh deimhniúchán ISO 42001 ar fáil, rud a bheidh ina bhuntáiste iomaíoch nach beag in Éirinn agus ar fud an domhain.

## Achoimre ar 2025: NSAI Inc

2,534

lá iniúchta, méadú 14% ar 2024

71

deimhniú nua eisithe

426

líon iomlán na ndeimhnithe a eisíodh

# Deimhniúchán: NSAI Certification UK Ltd

Fochuideachta faoi lánúinéireacht NSAI a bunaíodh in 2021 is ea NSAI Certification UK Ltd, a thacaíonn le hearnáil foirgníochta na hÉireann trí chomhartha agus deimhniúchán UKCA a thairiscint faoi rialacháin éagsúla sa Ríocht Aontaithe. Cuireann sé sin ar a gcumas do ghnólachtaí Éireannacha a gcuid táirgí a chur ar an margadh go héasca sa Ríocht Aontaithe.

Bhronn Seirbhís Creidiúnúcháin na Ríochta Aontaithe (UKAS) creidiúnú ar NSAI Certification UK Ltd go luath in 2023. Is féidir le honnmhaireoirí Éireannacha deimhniúchán UKCA a fháil anois trí NSAI le haghaidh táirgí foirgníochta atá le cur ar an margadh i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag.

Cé gur chinn rialtas na Ríochta Aontaithe aitheantas a thabhairt don chomhartha CE ar feadh i bhfad go fóill i gcás fhormhór na dtáirgí foirgníochta a chuirtear ar an margadh sa Bhreatain Mhór, tá NSAI Certification UK Ltd fós tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'onnmhaireoirí Éireannacha trí leanúint den chomhartha UKCA a chur ar fáil. Leis sin, cinntítear gur féidir le cuideachtaí Éireannacha deimhniúchán UKCA a fháil go héasca, más gá sin.

## Achoimre ar 2025: NSAI Certification UK Ltd

37

líon na gcliantchuideachtaí ar freastalaíodh orthu trí NSAI Certification UK (agus an comhartha UKCA san áireamh)

# An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta: Lárionad na heolaíochta tomhais in Éirinn

Bíonn an mhéadreolaíocht, eolaíocht an tomhais, ina bonn taca faoi ghníomhaíocht eacnamaíochta trí éascú do thomhais chruinne, inrianaithe atá riachtanach don trádáil, don tsábháilteacht, don mhonarú, don nuálaíocht agus don dearbhú cáilíochta.

Faoi gcóras idirnáisiúnta méadreolaíochta, tá caighdeáin tomhais phríomhúla leagtha síos agus tá na tomhais atá bunaithe orthu inchomparáide, inghlactha agus iontaofa ar fud an domhain.

Le linn 2025, chuir **Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI** clár fairsing oibre ar fáil, a bhí dírithe ar an eolaíocht, gnéithe oibríochtúla agus straitéisí, chun tacú le bonneagar náisiúnta tomhais na hÉireann.

Neartaíomar athléimneacht eolaíoch agus thionsclaíoch na hÉireann trí chumais tomhais bhunúsacha a fheabhsú agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a threisiú.

Rannchuidigh NSAI le tionscnaimh straitéiseacha Eorpacha trí rannpháirtíocht ghníomhach i gCoistí Teicniúla agus i dTionól Ginearálta EURAMET. Leis an obair sin, chuidíomar tosaíochtaí a leagan síos i leith na méadreolaíochta i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, i gcórais chandamacha agus i mbonneagar a bhaineann leis an aeráid.

Faoi mhórchlár thaighde, lena n-áirítear True8DIGIT, MetroMag, agus tionscnaimh a thacaíonn le méadreolaíocht ísealmhinicíochta, méadreolaíocht chandamach agus méadreolaíocht réimse mhaighnéadaigh, cuireadh feabhas ar chruinneas agus inrianaitheacht na seirbhísí tomhais a úsáideann earnáil tionsclaíochta na hÉireann. Rinneamar obair chomparáide chomhoibríoch le PTB (na Gearmáine) ar an gcaighdeán maidir le voltas candamach, lena féachadh chuige go bhfuil Éire ailínithe le córais tagartha idirnáisiúnta.

Trí dhul i gcomhairle le comhlachtaí náisiúnta, le comhpháirtithe Eorpacha, agus le hinstiúidí eolaíochta, cinntimid go mbeidh cumas calabrúcháin agus tomhais na hÉireann ina bhonn taca don nuálaíocht, don rialáil agus don iomaíocht ar fud na réimsí seo a leanas:

- déantúsaíocht
- cúram sláinte
- iompar
- TFC
- fuinneamh
- an earnáil comhshaoil.

## Rannpháirtíocht dhomhain sa taighde agus san aistriú eolais

Chuireamar dlús lenár gcomhpháirtíochtaí taighde ar feadh 2025. Áiríodh ar an obair chomhoibríoch le hIonad an Róbataic agus na gCóras Cliste in Ollscoil Luimnigh turgnaimh chun teocht a thomhas go beach le braiteoir optúil nuálach.

In 2025, leathnaigh an tSaotharlann a lorg taighde idirnáisiúnta trí rannpháirtíocht i dtrí thionscadal taighde Eorpacha. Chuir an rannpháirtíocht sin leis an obair a dhéanann an tSaotharlann maidir le hardeolaíocht an tomhais agus neartaíodh na naisc chomhoibríocha le hInstitiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta eile, rud a chuidíonn le forbairt agus ailíniú na hacmhainneachta tomhais ar fud na hEorpa.

Tá oiliúint, aistriú eolais agus forbairt scileanna ina gcuid lárnach de ról na Saotharlainne i ndáil le cumas tomhais na hÉireann. In 2025, thacaigh an tSaotharlann le forbairt scileanna trí shocrúcháin struchtúrtha do scoláirí agus trí chlár oiliúna teicniúla speisialaithe a chur ar bun.

## Ceannaireacht agus teagmháil trí mheán imeachtaí

Bhí ról lárnach ag an tSaotharlann sa cheiliúradh ar Lá Domhanda Méadreolaíochta UNESCO, an lá a thugtar aitheantas do shíniú Choinbhinsiún an Mhéadair agus do thábhacht na tomhais don eolaíocht, don tionscal agus don tsochaí. Chomh-óstáil an tSaotharlann gníomhaíochtaí Lá Domhanda na Méadreolaíochta i gcomhar leis an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí, agus ina measc siúd a bhí i láthair bhí an tAire Stáit um Fhostaíocht, Gnólaigh Beaga agus Miondiol, ionadaithe tionscail, an pobal taighde, chomh maith le gairmithe STEM féideartha na todhchaí agus scoláirí ón gceantar.

Thacaigh an tSaotharlann freisin leis an gcéad Fhóram Náisiúnta Ama agus Sioncrónaithe, agus í ina ceannródaí san obair theicniúil a dhéanann eagraíochtaí in Éirinn a bhíonn ag plé le ham agus minicíocht.

In 2025, bhí an tSaotharlann ag obair i ndlúthpháirt le fostaithe eile de chuid NSAI i Rannóg na gCaighdeán, sa tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí, agus san Ionad Bairr Feabhas um Ghníomhú Aeráide ar thionscadail chomhroinnte, ar imeachtaí poiblí agus ar thionscnaimh straitéiseacha. Lean an tSaotharlann de thacaíocht údarásach a sholáthar i leith an tomhais ar fud earnálacha éagsúla, agus saeolas riachtanach á chur ar fáil aici an tráth céanna do mheithleacha náisiúnta agus Eorpacha.




Rinne an tSaotharlann leathnú nach beag ar a rannpháirtíocht trí mheán Chlár Comhaltachta Seirbhíse Poiblí Thaighde Éireann in 2025 agus go luath in 2026. Glacadh le dhá thogra tionscadail chomhaltachta dar teideal *Determination of the metrological landscape and its impact on the Irish economy* agus *Strengthen National Timing and Critical Infrastructure* faoin nglao ó Thaighde Éireann in 2026.

Is maith an riocht ina bhfuil an tSaotharlann chun tacú le spriocanna claochlaithe eolaíochta, tionsclaíocha agus digiteacha na hÉireann. A bhfuil leis an infheistíocht leanúnach i mbonneagar taighde, i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus san oiliúint speisialaithe, cinntítear go bhfuil an tSaotharlann ina bunchloch ag córas náisiúnta cáilíochta agus nuálaíochta na hÉireann agus gur mar sin a bheidh ar feadh i bhfad.

### I measc na mbuaicphointí eile in 2025 bhí an méid seo a leanas:

- Chuamar ag obair le HEAnet agus leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta chun bonneagar athléimneach náisiúnta um scaipeadh ama a chur chun cinn agus rioscaí cumarsáide de dheasca trasnaíocht/spúfáil GPS a chur ar a súile do dhaoine
- Cuireadh saineolas méadreolaíochta speisialaithe ar fáil chun tacú le bunú caighdeán teochta nua in Met Éireann, rud a neartóidh inrianaitheacht agus iontaofacht na dtomhas teochta tábhachtach a úsáidtear chun faire ar an aimsir agus ar an aeráid
- Neartaíodh bonneagar TFC, sonraí agus cumarsáide NSAI trí rannchuidiú le leathnú ar Shruth Sonraí GNSS Fíoraithe, trí thionscnaimh méadreolaíochta digití agus tríd an gcomhar le heagraíochtaí seachtracha.



## Achoimre ar 2025: An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta

# 5,048

líon na ndeimhnithe calabrúcháin a d'eisigh NML do chuideachtaí

# 522

líon na laethanta taighde a rinne eolaithe i gcomhair cláir Eorpacha taighde

# 86

líon na ndaoine a d'fhreastail ar 16 cúrsa oiliúna de chuid NML

# 18

líon na saotharlann ar tacaíodh leo ar fud na hÉireann







# Méadreolaíocht Dlí:

## Muinín a chothú maidir le gach tomhas

Gach lá, bíonn tomhaltóirí agus gnólachtaí na hÉireann ag brath ar thomhais chruinne – agus iad ag ceannach peitрил, ag meá táirgí, nó ag íoc táille tacsáí. Is í an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí an t-údarás náisiúnta a bhíonn ag obair sa chúla lena chinntiú go mbíonn na tomhais sin cruinn cothrom agus gur féidir brath orthu.

In 2025, lean an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí lena cuid feidhmeanna rialála faoi reachtaíocht ábhartha maidir le méadreolaíocht dlí: bhí sí ag tacú le cosaint tomhaltóirí agus le muinín an mhargaidh trí ghníomhaíocht chigireachta, fíoraithe agus forfheidhmithe, agus í fós i mbun rannpháirtíocht ghníomhach ar an leibhéal Eorpach agus an leibhéal idirnáisiúnta.

Ba mhó ná riamh an tiomantas a bhí againn don tseirbhís phoiblí agus do chosaint tomhaltóirí, mar a léirítear inár n-éachtaí cigireachta agus sa tionchar a d'imríomar sa bhaile agus thar lear.

Féachann an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí chuige go mbíonn uirlisí trádála cruinn, agus gur léir go bhfuil siad amhlaidh. Bainimid an méid sin amach trí chigireacht agus deimhniúchán a dhéanamh ar thomhais agus trealamh tomhais a úsáidtear le haghaidh trádála.

Sa ról atá againn mar chomhlacht dá dtugtar fógra, tá NSAI creidiúnaithe faoi ISO 17020 chun measúnú comhréireachta na céime deiridh (Modúl F) a dhéanamh ar na huirlisí seo a leanas:

- dáileoirí breosla leachtaigh
- meánna neamh-uathoibríocha
- méadair ola ar leoraithe
- meánna dramhaíola ar leoraithe
- droichid mheáite
- córais méadraithe bainne.

### Ár raon feidhme ar fud na hÉireann

#### Rinneadh cigireacht ar 21,816 uirlis trádála

Déanann ár bhfoireann dianseiceáil ar uirlisí tomhais forordaithe: caidéil pheitрил agus scálaí siopa, droichid mheá, méadair bhainne agus a lán eile. Cuidíonn gach babhta cigireachta le tomhaltóirí a chosaint agus le tacú le gnólachtaí, agus sláine mhargadh na hÉireann á neartú.

#### Tugadh cuairt ar 6,031 áitreabh

In 2025, rinne NSAI cigireachtaí rialála ag níos mó ná 6,000 áitreabh ar fud na tíre, agus ina measc siúd bhí táirgeoirí agus réimse mór ionad miondíola agus seirbhíse, idir ollmhargaí, aerfoirt, áitribh cheadúnaithe, stadanna tacsáí agus eile. Tá ról ríthábhachtach ag na cigireachtaí sin maidir le trádáil chóir agus muinín tomhaltóirí a chosaint trí chruinneas na dtomhas a úsáidtear in idirbhearta laethúla a fhíorú. Mar aon leis an bhforfheidhmiú, fágann na cuairteanna ar an láthair go mbíonn cigirí in ann treoir a thabhairt do ghnólachtaí, agus iad ag tacú le comhlíonadh agus muinín á neartú acu ar fud an mhargaidh an tráth céanna.

#### Tacú leis an gcomhlíonadh agus caighdeán a ardú

In 2025, rinne NSAI agus Comhlachtaí Speisialta arna bhfaomhadh aige 21,816 fhíorú ar uirlisí tomhais atá in úsáid, rud a chinntigh go bhféadfadh gnólachtaí brath ar threalamh cruinn, iontaofa. Cuidíonn na fíoruithe in-seirbhíse sin le muinín a chothú i dtomhais ríthábhachtacha, ag an gcaidéal breosla, ag an scipéad nó ag an droichead meáite.

Bhí ár dtiomantas d'fhorfheidhmiú cothrom, comhsheasmhach fós lárnach inár gcuid oibre. In 2025, d'eisíomar 119 fógra rabhaidh in aghaidh gach 1,000 cigireacht, agus muid ag dul i ngleic go pras le neamhchomhlíonadh agus ag tacú le gnólachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Bhaineamar 133 uirlis as úsáid in ionaid trádála freisin, rud a neartaigh an mhuinín sa mhargadh.



## Nuálaíocht agus comhoibriú

### Feachtais spriocdhírithe

Chuir an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí sé fheachtas spriocdhírithe ar bun i rith na bliana. Rinneamar tástáil phíolótach ar phróisis forfheidhmithe, agus an úsáid is mó is féidir a bhaint á baint againn as na teicneolaíochtaí agus na hacmhainní atá ar fáil.

### Feabhsuithe TF

Chuireamar feabhsuithe tábhachtacha TF i gcrích ar ár bhfeidhmchláir úsáideoirí seirbhíse, lena ndearnadh próisis inmheánacha a chuíchóiriú.

### Dearbhú cáilíochta

Choinníomar ár gcreidiúnuithe ISO 9001 agus ISO 17020, agus mhol iniúchóirí ár gcórais láidre agus ár gcultúr feabhsúcháin leanúnaigh.

## Rannpháirtíocht Náisiúnta, Eorpach agus Idirnáisiúnta

Ní laistigh de theorainn na hÉireann amháin a bhímid ag obair. In 2025, bhí ról gníomhach againn sa mhéadreolaíocht dlí ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa.

I gcomhair Lá Domhanda Méadreolaíochta UNESCO 2025, a bhíonn á cheiliúradh ar an 20 Bealtaine gach bliain, chomh-óstáil an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí imeacht le comhghleacaithe sa tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta. Bhí an téama, *Measurement in Time*, breá tráthúil agus muid ag léiriú mar a choinníonn an mhéadreolaíocht suas leis an teicneolaíocht. Léiríomar mar a bhíonn creataí tástála méadreolaíochta dlí éifeachtach i dteicneolaíochtaí tomhais idir nua agus seanbhunaithe, rud a thacaíonn le comhlíonadh leanúnach na gceanglas rialála de réir mar a thagann teicneolaíochtaí tomhais chun cinn. D'fhorbraíomar comhaontú comhroinnte sonraí leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun tacú le maoirseacht rialála chomhordaithe, bunaithe ar riosca, cosaint tomhaltóirí agus muinín an mhargaidh a neartú maidir leis an úsáid a bhaintear as uirlisí tomhais i seirbhísí iompair.

Ghlacamar páirt i bhfóraim náisiúnta, agus an Fóram Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh ina measc, agus muid ag cur leis an gcomhordú idir údaráis éagsúla agus leis an aillíniú ar ghníomhaíochtaí faireachais margaidh ar an leibhéal náisiúnta.

D'fhorbraíomar babhtáí comhoibrithe nua agus neartaíomar cinn sheanbhunaithe le gníomhaireachtaí stáit eile a bhíonn ag plé le cúrsaí rialála.

Bhí an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le comhpháirtithe san Aontas ar an Leasú Spriocdhírithe ar an Treoir maidir le hUirlisí Tomhais, chun féachaint chuige go ngabhfaidh saineolas na hÉireann i bhfeidhm ar an reachtaíocht nua.

In 2025, bhí Meitheal 10 de chuid WELMEC á óstáil ag an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí, chun tacú le comhordú ar leibhéal na hEorpa ar shaincheisteanna méadreolaíochta dlí a bhaineann le leachtanna seachas uisce. Leis sin, neartaíodh ról na hÉireann i gcóras méadreolaíochta dlí na hEorpa agus cothaíodh comhthuiscint ar dhúshláin rialála agus theicniúla atá ag teacht chun cinn sna réimsí sin.

Lean an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí ag obair ar thionscnaimh méadreolaíochta dlí Eorpacha (WELMEC) agus idirnáisiúnta (OIML), agus í ag cur leis an dul chun cinn i réimsí an Fhaireachais Margaidh agus an Chlaohclaithe Dhigitigh.

Ghlac Éire cathaoirleacht ar chomhdháil eagraíochtaí réigiúnacha OIML agus d'óstáil sí ceardlann faoin digitiú agus an inbhuanaitheacht, rud a neartaigh tionchar na hÉireann arís eile i dtaobh na méadreolaíochta de. Ghlac an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí páirt in COP30 freisin, rud a neartaigh ár dtiomantas don chomhoibriú agus ceannaireacht idirnáisiúnta.

## Achoimre ar 2025: An tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí

# 6,031

líon na n-áitreabh ar tugadh cuairt orthu ar fud na hÉireann

# 21,816

líon na n-uirlisí trádála a ndearnadh cigireacht orthu

# 133

líon na n-uirlisí neamhchomhlíontacha a baineadh as úsáid, rud a neartaigh an mhuinín sa mhargadh

# Gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais: Saol inbhuanaithe amach romhainn a chothú

Tá NSAI tiomanta don dea-rialachas agus do rannchuidiú le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus freagracht shóisialta.

## Plean Straitéiseach NSAI 2022-2026 agus an inbhuanaitheacht

Tá ár gcuid seirbhísí rithabhachtach chun dul i ngleic le dúshlán chomhshaoil amháin an t-athrú aeráide. Tugaimid tacaíocht rithabhachtach don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach chun spriocanna náisiúnta, spriocanna an Aontais, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Dearbhaítear sa Plean Straitéiseach atá ag NSAI faoi láthair a mheáite atáimid i dtaobh an gníomhú aeráide agus an inbhuanaitheacht a chur chun cinn chun tacú le cuspóirí beartais náisiúnta. Áirítear leis sin tiomantas NSAI i dtaobh seirbhísí nuálacha a bhunú chun glacadh go fonnmhar leis an athrú.

Leagtar amach i dTionscadal Straitéiseach 3, *Gníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht*, tiomantas NSAI don mhéid seo a leanas:

- ár seirbhísí a struchtúrú chun tacú leis an Aistriú Glas
- bonneagar a sholáthar chun tacú leis an aistriú sin
- NSAI a bheith ina eagraíocht eiseamláireach i leith spriocanna comhshaoil inmheánacha.

## I dtreo spriocanna dícharbónaithe agus éifeachtúlachta fuinnimh na bliana 2030

I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus leis an sainchúram atá ar an earnáil phoiblí i dtaobh gníomhú aeráide, táimid meáite ar thacú le beartas an rialtais chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% agus ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50%, faoi 2030.

Léirigh na figiúirí críochnaitheacha i leith 2023 go raibh a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh do 2030 bainte amach ag NSAI cheana, agus feabhas 66.7% tagtha ar a éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid le bonnlíne 2009. Bhaineamar amach luach 38 ar an innéacs táscairí feidhmíochta fuinnimh (EnPI), cuid mhaith faoi bhun na sprice de 50%. Léiríonn sonraí sealadacha do dheireadh na bliana 2025 go bhfuil feabhas leanúnach tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh (ar leibhéal 71% faoi láthair) agus go bhfuil an figiúr EnPI laghdaithe tuilleadh go 29.

D'ídigh NSAI 664,504 kWh leictreachais in 2025 ar fud a áitreabh uile in Éirinn. Ba é 758,931 kWh figiúr coigeartaithe deiridh na bliana 2024.

Úsáidtear gás i seacht gcinn de na naoi n-áitreabh atá ag NSAI in Éirinn. D'ídigh NSAI 462,514 kWh gás san iomlán sna háitribh sin le linn 2025. Is laghdú é sin ó 635,960 kWh in 2024.

## Aerthaisteal oifigiúil NSAI agus astaíochtaí carbóin gaolmhara

Agus é ag tacú le gnóilachtaí Éireannacha ar an leibhéal idirnáisiúnta, bíonn ar bhaill foirne NSAI eitilt a thógáil chun oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh, ach tugtar tús áite do chruinnithe hibrídeacha agus iniúchtaí cianda nuair is féidir é. Ó bhí 2020 ann, tá na hastaíochtaí ón aerthaisteal á bhfritháireamh ag NSAI trí cháin charbóin a íoc le ciste reachtúil, an Ciste um Ghníomhú Aeráide.

Déanann NSAI taifead agus faireachán ar gach eitilt ghnó i gcomhréir le forálacha Chiorclán 01/2020 a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin i mí Eanáir 2020. Anuas air sin, déanaimid íocaíocht leis an gCiste um Ghníomhú Aeráide a bhaineann le hastaíochtaí na bliana roimhe sin.

I gcás 2025, ba é €4,409.95 dliteanas astaíochtaí carbóin deireadh na bliana NSAI ar an aerthaisteal oifigiúil.

## Aerthaisteal oifigiúil agus astaíochtaí carbóin NSAI\*

| Bliain | Km      | Tonnaí CO <sub>2</sub> (Slánaithe) | Íocaíocht leis an gCiste um Ghníomhú Aeráide |
|--------|---------|------------------------------------|----------------------------------------------|
| 2025   | 616,823 | 69,448                             | €4,409.95                                    |
| 2024   | 426,929 | 57,951                             | €3,245.24                                    |
| 2023   | 514,817 | 51,342                             | €2,490.09                                    |
| 2022   | 220,738 | 28,566                             | €1,171.21                                    |
| 2021   |         |                                    | €51.79                                       |
| 2020   |         |                                    | €456.90                                      |

\* Tá fochuideachta neamhbhrabúis faoi úinéireacht NSAI sna Stáit Aontaithe, NSAI Inc, nach bhfuil san áireamh sna figiúirí oifigiúla aerthaistil thuas.

## Gníomhú aeráide agus an inbhuanaitheacht ar fud shreafaí oibre NSAI

Reáchtáil an Rannóg Caighdeán agus an tIonad Barr Feabhais um Gníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht ceardlann inbhuanaitheachta do na baill foirne go léir chun Lá Domhanda na gCaighdeán a cheiliúradh agus chun aird a dhíriú ar an nasc atá idir caighdeán, an mhéadreoilocht agus an deimhniúchán.

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar Threochlár NSAI um Gníomhú Aeráide in 2025. Is doiciméad 'beo' é sin a chuirtear in oiriúint do chúinsí atá ag athrú chun ár n-uailmhianta maidir le gníomhú aeráide agus inbhuanaitheacht a leagan síos agus a chomhlíonadh. Leagtar amach ann bearta atá dírithe ar ár spriocanna gníomhaithe aeráide do 2030 agus táimid tosaithe anois ag breathnú níos faide chun cinn.

Le linn 2024-25, d'fhorbair NSAI tuarascáil dheonach maidir le hinbhuanaitheacht agus gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais, anuas ar ár dtuairisciú éigeantach, i gcomhar leis an obair chun Caighdeán Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Deonai EFRAG do FBManna neamhliostaithe a fhorbairt. Rinneadh an tuarascáil sin a ailíniú le teimpléid tuairiscithe digiteacha saor in aisce, foinse oscailte EFRAG chun bheith ina heiseamláir do FBManna dá n-arrachtaí tuairiscithe inbhuanaitheachta féin.

## For-rochtain agus rannpháirtíocht

Ghlac Ionad Bairr Feabhais NSAI um Gníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht páirt sna fóraim seo a leanas in 2025:

- Grúpa Inbhuanaitheachta FBManna na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta d'eagraíochtaí gnó náisiúnta
- Líonra Náisiúnta na Seaimpíní Aeráide de chuid ISO – chun nuacht agus dea-chleachtas a chomhroinnt maidir le conas atá comhaltaí ISO ar fud an domhain ag tabhairt faoina gcuid spriocanna inbhuanaitheachta
- Fóram FBManna EFRAG – chun cur i bhfeidhm Chaighdeán Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Deonach EFRAG do FBManna neamhliostaithe (VSME) a spreagadh agus féachaint chuige go mbeidh glacadh leis sa mhargadh
- Grúpa Gníomhaithe agus Forbartha Bithghéilleagair Rialtas na hÉireann, i gcomhthráth le Fóram Bithghéilleagair na hÉireann – le haghaidh rannpháirtíocht dhíreach leis an tionscal
- An Mheitheal Breoslaí Malartacha don Iompar de chuid na Roinne Iompair – atá dírithe ar chur leis an leibhéal dícharbónaithe a bhainfear amach faoi 2030.

## Ionchuimsiú sóisialta agus éagsúlacht

Tá NSAI meáite ar ionad oibre éagsúil, ionchuimsitheach a bheith aige. Tagann ár gcomhghleacaithe ón iomaí cúlra gairmiúil, oideachais agus cultúrtha éagsúil, sa tír seo agus thar lear. Fágann an éagsúlacht sin gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ar bhealach cruthaitheach,

caolchúiseach. Mar gheall ar na cleachtais oibre sholúbtha, hibrideacha atá againn, is mó an méid daoine a n-oireann an obair dóibh agus éiríonn linn daoine tréitheacha a mhealladh agus eolas a aistriú ar bhealach éifeachtach.

Aithníonn NSAI gur luachanna lárnacha rithábhachtacha iad an ionchuimsitheacht agus an éagsúlacht ó thaobh caighdeán a fhorbairt. Trí pháirt a ghlacadh i gcoistí caighdeán Eorpacha agus idirnáisiúnta, rannchuidíonn meithleacha náisiúnta le comhtháthú phrionsabail an *Dearaidh Uilíoch* agus an *Dearaidh do Chách*, lena ndírítear ar a chinntiú go gcuirtear san áireamh, i gcaighdeán nua agus cinn sheanbhunaithe ar fud an domhain, go bhfuil táirgí, seirbhísí agus timpeallachtaí inúsáidte ag an oiread daoine agus is féidir, beag beann ar aois, ar chumas nó ar a gcúinsí.

Is féidir le deimhniúchán ISO 13485 trí NSAI agus NSAI Inc. a bheith ina bhealach isteach chuig slabhraí soláthair feistí leighis.

## Cliantchuideachta de chuid NSAI: Lawrence Engineering i Sligeach

Mar thoradh ar a dheimhniú ISO 13485, rinne Lawrence Engineering conradh le déanaí le mórdhéantúsóir feistí leighis domhanda chun tabhairt faoin tionscadal is mó riamh dá chuid.

Éacht ollmhór a bhí ansin don chuideachta agus tháinig borradh fúithi láithreach agus cuireadh le líon na bhfostaithe.

Ní hé sin amháin ach fostaíodh Lawrence Engineering chun tabhairt faoi thionscadal múnlaith le gnólacht nuathionscanta feistí leighis ina cheantar féin. Cuireadh lena theacht isteach féin dá bharr sin agus d'éirigh leis an gcliant a tháirgeadh a bhogadh go hÉirinn.





# Ráiteas rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar an 14 Aibreán, 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Cuireann NSAI seirbhísí méadreolaíochta, caighdeánaithe agus measúnaithe comhréireachta ar fáil i gcomhréir leis na píosáí reachtaíochta seo a leanas:

- An tAcht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980
- An tAcht um Méadreolaíocht Dlí (Uirlisí Tomhais), 2017.

Is gníomhaireacht stáit é NSAI a oibríonn faoi choimirce an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Ceadáíonn an tAire cistiú do NSAI ionas go mbeidh ar a chumas:

- a oibleagáidí a chomhlíonadh
- treoracha beartais ghinearálta a eisiúint
- eolas a sholáthar don Aire faoi ghníomhaíochtaí NSAI.

## Rialachas

Tá an Bord cuntasach don Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann an Bord an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar phríomhcheisteanna gnó.

Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as bainistiú agus rialú laethúil a dhéanamh ar NSAI.

Cuireann an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta i bhfeidhm an treo straitéiseach ginearálta arna fhaomhadh ag an mBord, agus féachann siad chuige go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí móra a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Bíonn an Príomhfheidhmeannach ina nasc díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta.

Feidhmíonn an tÚdarás de réir threoirlínte an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016* (an Cód) agus de réir nuashonruithe air, arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

## Struchtúr an Bhoird

De réir an Achte fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996, is é an tAire a cheapann na comhaltaí as a measc siúd a bhfuil baint acu leis an bpróiseas um thráchtarraí, próisis agus cleachtais a chaighdeánú agus a dheimhniú, gan aon leas ar leith a bheith i réim.

Tá 13 chomhalta ar an mBord: cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus aon duine dhéag eile. Ceapann an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta na comhaltaí uile. Is comhalta de bhrí oifige í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar feadh théarma a conartha.

Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar bhonn bliantúil, nuair a chuireann an triúr comhaltaí is faide seirbhíse iad féin i láthair chun dul ar scor ón mBord cothrom an lae a bunaíodh NSAI.

## Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach ról agus freagrachtaí an Bhoird i Lámhleabhar Rialachais NSAI. Sonraítear ann freisin na cinntí atá forchoimeáda a sonrach don Bhord.

I measc na míreanna atá ar chlár oibre an Bhoird tá:

- dearbhú leasanna
- maoirseacht agus treoir straitéiseach
- bainistíocht agus tuairisciú airgeadais
- príomhtháscairí feidhmiúcháin
- bainistíocht riosca
- rialachas corparáideach
- tuarascálacha ó na fochoistí, agus
- nithe atá forchoimeáda don Bhord.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil, ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Údaráis lena n-áirítear na fochuideachtaí atá ar lánúinéireacht aige, NSAI Inc agus NSAI Certification UK Ltd.

Faoin Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996, ceanglaítear go gcoimeádfaidh NSAI, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé agus go gcoimeádfaidh sé san fhoirm sin na cuntais speisialta go léir a ordóidh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta ó am go ham.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór do NSAI na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura cuí glacadh leis go leanfaidh NSAI de bheith ag feidhmiú.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais NSAI ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais NSAI amhail an 31 Nollaig 2025.

Tá an Bord freagrach freisin as:

- sócmhainní a chosaint agus bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath
- an plean straitéiseach agus na buiséid bhliantúla a fhaomhadh
- feidhmíocht NSAI a mheas, trí thagairt a dhéanamh do thuairisciú príomhtháscairí feidhmíochta agus trí thuarascálacha bainistíochta airgeadais a chur faoi bhráid an Bhoird.

Thionóil an Bord ocht gchruinniú in 2025. Tugtar sceideal an tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus na gcoistí in 2025 sa tuarascáil seo, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a íocadh le gach comhalta i rith na bliana.

## Táillí agus speansais na gComhaltaí Bhoird

Íoctar táillí leis na Comhaltaí Bhoird de réir an Bharántais Ceapacháin. Déantar na speansais a phróiseáil ag na rátaí cearta agus faoi réir na rialachán is iomchuí i gcás státseirbhíseigh den ghrád is airde.

## Éifeachtacht an Bhoird agus meastóireacht air

Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird i mbliana. Rinne an Bord athbhreithniú air sin agus ghlac sé é i Meán Fómhair 2025.

## Coistí an Bhoird

Tá trí choiste bunaithe ag an mBord. Sceideal i dtaobh thinreamh na gComhaltaí ag Cruinnithe agus a gcuid táillí agus speansas in 2025.

## An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Tá ról lárnach ag CIR sa rialachas agus sna próisis rialaithe inmheánaigh arna gcur chun feidhme ag an mBord. Tacaíonn CIR leis an mBord maidir leis an bhfreagracht atá air as an timpeallacht rialaithe, as bainistíocht riosca, as tuairisciú airgeadais agus as dearbhuithe gaolmhara.

Féachann an coiste chuige go ndéantar faireachán neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, agus na gníomhaíochtaí iniúcháireachta san áireamh. Tuairiscíonn CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i dtuarascáil bhliantúil don Bhord.

Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha arna bhfaomhadh ag an mBord agus thionóil sé cúig chruinniú in 2025. Freastalaíonn an lucht bainistíochta ar chruinnithe ar bhonn cuireadh ón gcoiste agus buaileann comhaltaí CIR leis na hiniúcháirí gach bliain gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair.

## Coiste na nAinmniúchán

Déanann Coiste na nAinmniúchán athbhreithniú ar cheapacháin agus ar phleanáil comharbais agus tugann sé moltaí don Bhord ina leith. Agus an méid sin á dhéanamh aige, bíonn aird aige ar na scileanna agus na hinniúlachtaí atá de dhíth ar an mBord, i bhfianaise straitéis, dúshlán agus deiseanna NSAI.

Agus an Príomhfheidhmeannach as láthair, tacaíonn an coiste le riachtanais an Bhoird maidir le ceapachán agus feidhmíocht an ról sin. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha arna bhfaomhadh ag an mBord agus thionóil sé cruinniú amháin in 2025.

## An Coiste Rialachais

Déanann an Coiste Rialachais maoirseacht agus forbairt ar an rialachas corparáideach chun féachaint chuige go gcomhlíonfaidh NSAI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann an Coiste athbhreithniú ar threoirlínte rialachais chorparáidigh agus molann sé don Bhord iad lena bhfaomhadh. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha arna bhfaomhadh ag an mBord agus thionóil sé dhá chruinniú in 2025.

## NSAI Inc

Bunaíodh NSAI Inc i New Hampshire, SAM an 1 Iúil 1997, mar chorparáid neamhbhrabúis, faoi lánúinéireacht NSAI. Is é a chuspóir é faisnéis a dháileadh agus a roinnt faoina nithe seo a leanas:

- caighdeáin atá i bhfeidhm faoi láthair agus caighdeáin atá beartaithe in Éirinn agus san Aontas Eorpach
- soláthar athbhreithnithe teicniúla agus meastóireachta ar tháirgí, próisis agus cleachtais
- deimhniúchán comhréireachta i leith caighdeáin AE, caighdeáin Éireannacha agus caighdeáin idirnáisiúnta.

Comhlíonann an t-eintiteas Meiriceánach ceanglais rialacháin stáit agus ceanglais rialacháin chónaidhme na Stát Aontaithe.

Tá an fhochuideachta faoi réir rialuithe sonracha bainistíochta agus nós imeachta arna bhfaomhadh ag Bord NSAI Inc agus cuimsítear iadsan sna ráitis ghinearálta maidir le comhlíonadh agus éifeachtacht na rialuithe. Tá triúr comhaltaí de Bhord NSAI Inc ar Bhord NSAI.

Feidhmíonn Bord NSAI Inc de réir nósanna imeachta rialachais arna bhfaomhadh ag an mBord agus thionóil sé ceithre chruinniú in 2025.

### Tinreamh ag na cruinnithe

|                                          |   |
|------------------------------------------|---|
| A Gleeson ( <i>Cathaoirleach</i> )       | 4 |
| P Devereaux                              | 4 |
| G Larkin ( <i>Priomhfheidhmeannach</i> ) | 4 |
| K Mullaney                               | 4 |

### NSAI Certification UK Ltd

Bunaíodh NSAI Certification UK Ltd ar an 15 Iúil 2021, mar chuideachta faoi theorainn scaireanna, atá ar lánúinéireacht ag NSAI, chun an comhartha UKCA a chur ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha atá ag feidhmiú i margadh na Ríochta Aontaithe. Is le haghaidh táirgí foirgníochta agus feistí leighis a bheidh an comhartha sin ag feidhmiú ar dtús.

Feidhmíonn Bord NSAI UK de réir meabhrán tuisceana arna fhaomhadh ag an mBord agus thionóil sé trí chruinniú in 2025.

### Tinreamh ag na cruinnithe

|                                    |   |
|------------------------------------|---|
| J Kennedy ( <i>Cathaoirleach</i> ) | 3 |
| R Alcorn                           | 3 |
| T Coogan                           | 3 |
| G Larkin                           | 3 |

## Nochtadh a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon NSAI ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus míreanna a cuireadh leis ('an Cód'), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh an chóid i gcás an Údaráis agus ar a Chreat Dearbhaithe, tá na comhaltaí deimhin de go ndearnadh lán-chomhlíonadh ar cheanglais nochta an Chóid sna nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, lena n-áirítear:

- caiteachas ar thaisteal agus ar chothú – Nóta 3
- sainchomhairleoireacht – Nóta 3
- fáilteachas – Nóta 3
- miondealú ar shochair na bhfostaithe – Nóta 3.

### Athruithe tábhachtacha foirne

D'éirigh N Harmes as an bpost mar Stiúrthóir na Rannóige Feistí Leighis i mí an Mhárta 2025, agus ceapadh an Dr C Dyson ina Stiúrthóir ar an Rannóg sin i mí an Mheithimh 2025.

### Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha

Tá Ráiteas Cuimsitheach ar Rialú Inmheánach san áireamh sna Ráitis Airgeadais.

### Costais agus socraíochtaí dlí

Déantar táillí dlí a nochtadh faoi 'Costais agus Socraíochtaí Dlí' i gcomhréir leis an gCód.



## Sceideal i dtaobh thinreamh na gcomhaltaí ag cruinnithe agus a gcuid táillí agus speansais

|                                                                                 |                        |                        | Tinreamh na gComhaltaí Boird agus na gComhaltaí Coiste |                                        |                        |                      |                |               |
|---------------------------------------------------------------------------------|------------------------|------------------------|--------------------------------------------------------|----------------------------------------|------------------------|----------------------|----------------|---------------|
|                                                                                 |                        |                        | An Bord                                                | An Coiste Iniúcháir-eachta agus Riosca | Coiste na nAinmniúchán | An Coiste Rialachais | Táillí         | Speansais     |
| Comhaltaí Boird                                                                 | Ceaptha den chéad uair | Ar Scor/ (Athcheaptha) | 8 gCruinniú                                            | 5 Chruinniú                            | 1 Chruinniú amháin     | 2 Chruinniú          | 2025           | 2025          |
| An tUasal J Kennedy <i>Cathaoirleach</i>                                        | 9 Aib 2018             | (26/04/2023)           | 7(8)                                                   | –                                      | 1 (1)                  | –                    | 12,388         | 2,024         |
| A Gleeson Uasal                                                                 | 17 MF 2020             | (08/04/2024)           | 8(8)                                                   | –                                      | –                      | –                    | 7,963          |               |
| An tUasal D Casey                                                               | 15 Noll 2021           | (29/04/2025)           | 7(8)                                                   |                                        | 1 (1)                  | 2 (2)                | 7,963          |               |
| M O'Connell Uasal                                                               | 30 Beal 2019           | (26/04/2023)           | 7(8)                                                   | 5 (5)                                  | 1 (1)                  | –                    | 7,963          |               |
| M Cronin Uasal                                                                  | 2 Lún 2022             | (29/04/2025)           | 7(8)                                                   | –                                      | –                      | 2(2)                 | 7,963          |               |
| An tUasal P Devereaux                                                           | 30 Beal 2019           | (26/04/2023)           | 8(8)                                                   | 5 (5)                                  | –                      | –                    | 7,963          | 1,757         |
| An tUasal R Alcorn                                                              | 2 Lún 2022             | (29/04/2025)           | 5 (8)                                                  | –                                      | –                      |                      | 7,963          | 2,096         |
| T Coogan Uasal                                                                  | 19 Meit 2024           | –                      | 8(8)                                                   | 5 (5)                                  |                        | –                    |                |               |
| G Barrett Uasal                                                                 | 5 Már 2025             |                        | 6(7)                                                   |                                        |                        |                      | 6,430          |               |
| An tUasal E Cunningham                                                          | 5 Már 2025             |                        | 7(7)                                                   |                                        |                        |                      | 6,430          |               |
| An tUasal B. Cox                                                                | 5 Samh 2024            |                        | 6(8)                                                   |                                        |                        | 0(1)                 | –              |               |
| An tUasal G Lopez                                                               | 5 Samh 2024            |                        | 6(8)                                                   |                                        |                        | 0(1)                 | 0              |               |
| G. Larkin Uasal – <i>Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, comhalta de bhri oifige</i> | 20 Feab 2017           | (21/02/2022)           | 8(8)                                                   | 5 (5)                                  | 1 (1)                  | 2 (2)                | 0              |               |
| <b>Táillí agus Speansais iomlána</b>                                            |                        |                        |                                                        |                                        |                        |                      | <b>€73,026</b> | <b>€5,877</b> |

## An mór-chomhthéacs rialachais

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin agus leis an gCód, caithfidh NSAI cloí freisin le ceanglais reachtúla (cinn náisiúnta agus cinn an Aontais Eorpaigh) agus le ceanglais riaracháin eile. Tá nósanna imeachta aige lena chinntiú go gcomhlíontar na nithe seo a leanas:

### Rialachán Uimh. 1025/2012 ón Aontas Eorpach maidir le Caighdeánú Eorpach

Tá NSAI ainmnithe ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta mar an comhlacht náisiúnta caighdeán i gcomhair CEN, CENELEC agus ETSI faoin Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le Caighdeánú, agus ní mór dó tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le gníomhaíochtaí caighdeánaithe.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, agus rialacháin atá bunaithe orthu

I gcomhréir le forálacha na hAchtanna, ní mór do gach comhalta agus ball foirne a bhfuil poist ainmnithe acu na hAchtanna seo a chomhlíonadh.

### Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2021 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018

Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Cuireann NSAI scéimeanna éagsúla ar fáil, amhail forbairt foirne, sosanna gairme agus socruithe oibre solúbtha, a chuidíonn le cothromaíocht idir obair agus saol a bhaint amach don fhoireann ar fad. Tá beartas maidir le Dínit ag an Obair ag NSAI freisin.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Glacann NSAI bearta iomchuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuairteoirí go léir a chosaint i gcomhréir leis an Acht seo.

### Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontar Stáit), 1998

Ní comhlacht ainmnithe é NSAI chun críche an Achta. Comhlíonann NSAI na nósanna imeachta a leagtar sna hAchtanna seo chun foráil a dhéanamh d'ionadaithe foirne a bheith ar an mBord.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Fuair NSAI dhá nochtadh cosanta le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025. Ba thuarascálacha seachtracha iad an dá nochtadh, a fuair NSAI ó Oifig an Choimisinéara um Nochtuithe Cosanta.

Tar éis measúnú tosaigh, tháinig NSAI ar an tuairim nach raibh na nithe a ardaíodh i gceachtar cás faoina chúram reachtúil. Cuireadh an tuairim sin faoi bhráid Oifig an Choimisinéara um Nochtuithe Cosanta, a bhí ar aon intinn le NSAI, agus níor cuireadh na nochtuithe chun cinn.

Ní bhfuarthas aon nochtadh ó laistigh den eagraíocht féin.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Comhlíonann NSAI an tAcht seo, lena mbunaítear na cearta reachtúla seo a leanas:

- rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí
- go ndéanfar faisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlacht poiblí maidir le duine aonair a leasú sa chás ina bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach
- rochtain ar thaifid i leith cinntí a théann i bhfeidhm ort arna ndéanamh ag an gcomhlacht poiblí sin.

Ba cheart iarrataí ar fhaisnéis a sheoladh chuig:

An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise  
NSAI  
1 Cearnóg Swift  
An Choill Thuaidh  
Seantrabh  
Baile Átha Cliath D09 A0E4.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018

Comhlíonann NSAI na hAchtanna seo agus comhlíonann sé an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

### Prionsabail maidir le rialáil níos fearr

Tá NSAI fós ag féachaint ar an gcaoi a bhféadfaimis ár bpróisis a shimpliú chun an t-ualach riaracháin agus costais ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide a laghdú. Tá uirlisí féinmheasúnaithe ullmhaithe againn chun go mbeidh FBManna agus eagraíochtaí eile in ann a n-ullmhacht le haghaidh deimhniúcháin a mheas.

### Ciorclán 40/2002 maidir le Treoirínte Soláthair Phoiblí

Cinntíonn NSAI go mbítear ag díriú go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm againn chun féachaint chuige go gcomhlíonfar na treoirínte ábhartha.

### An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá nósanna imeachta ag NSAI atá ag teacht leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód seo agus sna Treoirínte Bonneagair a cuireadh ina áit.

## Tuairisc um sholáthraithe a íoc go pras

Tá an lucht bainistíochta deimhin de gur chomhlíon NSAI an tAcht um Íoc Pras Cuntas sna poncanna ábhartha uile.

## Soláthraithe a íoc go pras

Tá NSAI tiomanta d'fhéachaint chuige go ndéanfar gach sonrasc bailí ó sholáthraithe a íoc go pras faoin Rialú um Íoc Pras laistigh de 15 lá, agus tuairiscímid an fheidhmíocht ina leith sin gach ráithe ar an suíomh gréasáin.

## Éifeachtúlacht fuinnimh

Tá NSAI tiomanta den éifeachtúlacht fuinnimh agus i mBealtaine 2026 beidh figiúirí beo i leith 2025 le fáil ón gcóras um Éifeachtúlacht Fuinnimh (Faireachán agus Tuairisciú) san Earnáil Phoiblí atá ag SEAI.

Measann NSAI féin gur ídíodh 69,654.50 kWh níos lú fuinnimh in 2025 ná an bhliain roimhe sin. Tá dul chun cinn maith fós á dhéanamh ag NSAI: tá laghdú 66.7% tagtha ar an méid fuinnimh a ídítear i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Baineadh amach deimhniúchán i leith ISO 50001:2018 do Chóras Bainistíochta Fuinnimh NSAI i mí na Samhna 2024 agus glacann NSAI páirt i gcomhaontuithe creata le haghaidh an tsoláthair leictreachais agus gáis.

## An Chairt Custaiméirí

Leagtar amach i gCairt Custaiméirí NSAI an rún daingean atá againn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí. Tá an Chairt le fáil i nGaeilge agus i mBéarla sa rannán **About NSAI > Need to Get in Touch > Customer Service Promise and Complaints Procedure** ar an suíomh gréasáin. Áirítear sa chairt faisnéis maidir le comhlíonadh an Achta Ombudsman.

## Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003-2021

Tá NSAI meáite ar a chuid oibleagáidí uile faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021) a chomhlíonadh.

Ceapadh stiúrthóir ón bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin in 2024 chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar NSAI chun féachaint chuige go gcomhlíonfar an tAcht.

D'fhoilsíomar doiciméid i nGaeilge in 2025, agus ina measc bhí:

- Athbhreithniú ar an mBliain 2024 ó NSAI
- Tuarascáil Bhliantúil NSAI 2024
- Líon nach beag postálacha ar na meáin shóisialta, píosaf nuachta agus grafaicí ar an suíomh gréasáin.

Le linn 2025, chomhlíon NSAI an oibleagáid atá orainn faoi alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) lena gceanglaítear nach mór gur i nGaeilge a bheadh ar a laghad 20% (10A). (1)(b) den fhógraíocht go léir a dhéantar. Ina theannta sin, in 2025 chomhlíon NSAI an oibleagáid atá air gur ar na meáin chumarsáide Ghaeilge a chaithfear 5% den chaitechas bliantúil ar fhógraíocht, mar a fhorordaítear freisin faoi alt 10A.

## Sonraí oscailte agus athúsáid a bhaint as faisnéis na hearnála poiblí

Comhlíonann NSAI na ceanglais maidir le ceadúnú faisnéise lena hathúsáid.

## Teacht ar chomhaltaí an Oireachtais

Comhlíonann NSAI an dualgas atá air córas a choinneáil ar bun ionas go mbeidh comhaltaí den Oireachtas in ann teagmháil dhíreach a dhéanamh leis ar an ríomhphost.

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcloífeadh leis an gCód.

I mí Feabhra 2026, thug an Bord faoi athbhreithniú ar thimpeallacht rialaithe inmheánaigh na bliana 2025 agus ar chreat dearbhaithe NSAI. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, tá dearbhú réasúnta á thabhairt ag an mBord maidir leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh agus dearbhaíonn sé freisin gur chloígh NSAI leis an gCód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i leith na bliana 2025.



**Dermot Casey**  
Leas-Chathaoirleach  
24 Meitheamh 2026



# Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2025

|                                                                                 |    |
|---------------------------------------------------------------------------------|----|
| Ráiteas faoi rialú inmheánach                                                   | 41 |
| Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste                                   | 43 |
| Comhaltaí boird agus faisnéis ghinearálta                                       | 46 |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe | 47 |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach                                      | 48 |
| Ráiteas comhdhlúite ar staid an airgeadais                                      | 49 |
| Ráiteas ar staid an airgeadais in NSAI                                          | 50 |
| Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid                                        | 51 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais                                      | 52 |

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), admhaimid freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh san eagraíocht, lena n-áirítear NSAI Inc. agus NSAI Certification UK Ltd, fo-chuideachtaí atá ar lánúinéireacht ag NSAI. Glactar san áireamh leis an bhfreagracht sin na ceanglais a leagtar síos sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Áirítear leis an gcóras rialaithe inmheánaigh rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus córais bainistíochta riosca a thacaíonn le tosaíochtaí straitéiseacha NSAI a bhaint amach agus le cistí poiblí agus cistí agus sócmhainní eile a bhfuil NSAI freagrach astu a chosaint an tráth céanna.

## Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú go hiomchuí agus a thaifead go cuí, go seachnaítear earráidí nó mirialtachtaí ábhartha nó go mbraitear go tráthúil iad, agus go ndéantar beart ceartaitheach nuair is gá. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlachta seachas fáil réidh le gach riosca.

An córas rialaithe inmheánaigh a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, bhí sé i bhfeidhm in NSAI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 agus go dtí an dáta a ceadáíodh na ráitis airgeadais.

## Timpeallacht rialaithe, rioscaí agus nósanna imeachta

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag NSAI ar a bhfuil comhaltaí Boird a bhfuil saineolas acu i réimse an airgeadais agus na hiniúcháireachta. Tháinig CIR le chéile cúig huaire in 2025. Tá an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí (seirbhís sheachfhoinsithe) agus a clár oibre faoi threoir ag anailís ar shaincheisteanna riosca agus rialaithe laistigh de NSAI. Ceadáíonn CIR an plean iniúcháireachta inmheánaí agus cuireann sé faoi bhráid an Bhoird é. Ina theannta sin, tá NSAI faoi réir creidiúnú, bainistíocht cáilíochta agus athbhreithnithe eile a dhéanann tríú páirtithe agus a ndéanann an lucht bainistíochta iad a mheas.

Tá Coiste Rialachais agus Coiste Ainmniúcháin ag NSAI ar a bhfuil comhaltaí boird a bhfuil a dtéarmaí tagartha ceadaithe ag an mBord. Cuireann na coistí sin tuarascálacha rialta ar fáil don Bhord.

Tá creat agus próiseas foriomlán bainistíochta riosca ag NSAI lena n-áirítear beartas bainistíochta riosca agus ráiteas inghlachta riosca. Tá an beartas bainistíochta riosca ar fáil don fhoireann ar fad. Is ann do ról Príomhoifigigh Riosca. Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú ar an gclár rioscaí corparáideach agus ansin déanann CIR athbhreithniú air agus cuirtear faoi bhráid an Bhoird é. Is mír rialta ar chlár cruinnithe an Bhoird í an bhainistíocht riosca.

Tá bearta déanta ag an mBord chun féachaint chuige go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas inti:

- Cód Iompair Gnó lena gceanglaítear ar na Comhaltaí Boird, an lucht bainistíochta agus na baill foirne cloí leis na caighdeáin eiticíúla is airde
- go bhféachtar chuige go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí
- beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht feidhmíochta foirne agus forbairt ghairmiúil leanúnach
- go ndéanfaidh an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha agus ar shaincheisteanna a bhaineann le riosca
- nósanna imeachta doiciméadaithe maidir le gach príomhphróiseas gnó
- clár shainiúla oiliúna agus feasachta ar mhaithe le maolú a dhéanamh ar rioscaí sonracha a bhaineann le bagairtí atá ann faoi láthair nó cinn atá ag teacht chun cinn agus le fadhbanna móra i dtaobh comhlíontachta
- nithe atá forchoimeádtá do chinneadh an Bhoird
- nithe a leagtar síos nach mór don Bhord cinneadh a dhéanamh ina leith, sannadh freagrachtaí airgeadais agus an chuntasacht a ghabhann leo ar an leibhéal bainistíochta
- córas buiséadaithe cuimsitheach le plean agus buiséad bliantúil atá faoi réir faomhadh ón mBord
- go bhfuil córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil agus athléimneacht na gcórais teicneolaíochta faisnéise a áirithiú
- go bhfuil córais rialaithe airgeadais i bhfeidhm lena áirithiú go ndéanfar maoirseacht ar acmhainní airgeadais agus go gcoinneofar na sócmhainní slán
- nósanna imeachta chun teipeanna suntasacha rialaithe a aimsiú agus a thuairisciú agus féachaint chuige go nglacfar beart ceartaitheach cuí.

## Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun próisis faireacháin a rialú ar bhealach tráthúil. I gcás ina n-aithnítear easnaimh rialaithe, déantar na feabhsuithe riachtanacha a chomhaontú leis na daoine atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus tugtar tuairisc don lucht bainistíochta, do CIR agus don Bhord de réir mar is cuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat tuairiscithe bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmhlinn agus cuntasachta.

Áirítear leis an gcóras sin go háirithe:

- gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin, agus go dtuairiscítear aon easnaimh a aimsítear
- go ndéanann an Bord faireachán leanúnach ar an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil arna bhfaomhadh, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta, agus
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na dtuascálacha airgeadais agus neamhairgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad agus cuspóirí.


## Soláthar

Tá oifigeach soláthair/feidhm sholáthair ag NSAI atá ag gabháil don ról sin amháin. Áirítear leis na socrúithe soláthair plean soláthair bliantúil, nuashonruithe rialta maidir le soláthar do bhainisteoirí, úsáid a bhaint as Creataí de chuid Oifig an tSoláthair Phoiblí agus as mionchomórtais de réir mar a oireann do riachtanais na heagraíochta.

Thar ceann an Bhoird:



**Dermot Casey**  
*Leas-Chathaoirleach*  
24 Meitheamh 2026



**Geraldine Larkin**  
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*  
24 Meitheamh 2026

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NSAI lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair agus gur chomhlíon NSAI na nósanna imeachta sin le linn 2025, cé is moite de dhá chás ina ndearnadh soláthar gan próiseas iomaíoch tairisceana a chur ar bun i leith tionscadail áirithe. Sa dá chás, mar gheall ar chineál speisialaithe agus práinn na hoibre, chuaigh NSAI i mbun caibidlíocht chonartha leis na cuideachtaí sin. Costais €38,525 agus €28,800 faoi seach a bhí i gceist.

## Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NSAI chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Bíonn an faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann NSAI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi threoir ag an obair a dhéanann an t-iniúcháir inmheánach agus an t-iniúcháir seachtrach, ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoiríonn a gcuid oibre siúd agus ag an lucht ardbhainistíochta in NSAI atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Phléigh an Bord an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2025 ag cruinniú an Bhoird ar an 27 Feabhra 2026. Bhí sé sin faoi threoir ag an tuascáil fhoirmiúil ó CIR ar na córais rialaithe inmheánaigh agus na dearbhuithe um an iniúcháireacht inmheánach, a tháinig faoin gclár oibre a pléadh ag cruinniú de chuid CIR ar an 17 Feabhra 2026.

## Saincheistanna rialaithe inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach a bhí ina gcúis le caillteanas ábhartha i leith na bliana 2025, ar cinn iad a gceanglaítear iad a nochadadh sna ráitis airgeadais.



# Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha mhír 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Cuimsítear sna ráitis airgeadais:

- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar staid an airgeadais in NSAI
- an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar na príomhbheartais chuntasaíochta.

Is é mo thuairim é go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2025 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa *Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

## Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúcháireachta Uachtaracha. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leordhóthanach agus gur cuí í an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam chun bunús a chur faoin tuairim uaim.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gComhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. San aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i leith tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar chúrsaí áirithe eile a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.



**Mary Henry**

Thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas  
agus Ciste agus ar a shon

26 Meitheamh 2026

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó na Comhaltaí Boird, tá freagracht ar na Comhaltaí Boird as an méid seo a leanas:

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi mhír 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996
- a áirithiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheas an bhfuil sé cuí leas a bhaint as bonn cuntasaoíochta an ghnóthais leantaigh, agus
- pé rialú inmheánach a chinneadh siad is gá ionas go bhféadfadh ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### Na Freagrachtaí atá ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoi mhír 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus tuairisc ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé ina chuspóir agam leis an iniúchadh sin dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar gur cinn ábhartha iad más rud é go bhféadfadh coinne réasúnach a bheith leis go mbeadh tionchar acu, astu féin nó le chéile, ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a chothú ar feadh an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheasúnú; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de dheasca calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de dheasca earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaoíochta agus an nochtadh gaolmhair
- Tugaim breith ar a oiriúnaí a bhí sé leas a bhaint as bonn cuntasaoíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cibé acu atá nó nach bhfuil cúis neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras nach beag a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leanúnach. Má chinnim go bhfuil cúis neamhchinnteachta ábhartha i gceist, ceanglaítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil uaim ar an nochtadh gaolmhair sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uaim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a chur faoi deara go scoirfidh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu a léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téim i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha sa rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nach leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsítear sa tuairim uaim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe ina taobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dom, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go ndearnadh míráiteas ábhartha ina taobh ar shlí eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc ina dtaobh más rud é go n-aimsím nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht le linn an iniúchta teacht ar fhianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc air má aimsím cás ábhartha ar bith inarb amhlaidh nach raibh airgead poiblí á úsáid chun na críocha a bhí beartaithe ina leith nó cás ar bith inarb amhlaidh nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis arna rialú.

# Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta

## Bord NSAI

Is iad seo a leanas Comhaltaí Boird NSAI, atá ceaptha ag an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta:

### Comhaltaí Boird



J Kennedy  
Cathaoirleach



G Larkin  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



R Alcorn  
Athcheaptha ar an  
29 Aibreán 2025



G Barrett  
Ceaptha ar an 5 Márta 2025



D Casey  
Athcheaptha ar an  
29 Aibreán 2025



T Coogan



B Cox



M Cronin  
Athcheaptha ar an  
29 Aibreán 2025



E Cunningham  
Ceaptha ar an 5 Márta 2025



P Devereux



A Gleeson



G Lopez



M O'Connell



F Collins  
Rúnaí an Bhoird

### Faisnéis ghinearálta

An Cheannoifig  
1 Cearnóg Swift  
An Choill Thuaidh  
Seantrabh  
Baile Átha Cliath 9

### Iniúcháirí

An tArd-Reachtair  
Cuntas agus Ciste  
3A Sráid an Mhéara  
Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1

### Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann, cpt

TD Bank

### Aturnaetha

Eversheds Sutherland

Mason Hayes & Curran




# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025


|                                                     | Nótaí | 2025<br>€           | 2024<br>€    |
|-----------------------------------------------------|-------|---------------------|--------------|
| <b>Ioncam</b>                                       | 2     | <b>33,852,508</b>   | 34,936,959   |
| <b>Caiteachas</b>                                   |       |                     |              |
| Costais riaracháin agus costais ghinearálta         | 3     | <b>42,711,583</b>   | 40,895,062   |
| Costais i ndáil le sochar scoir                     | 13(a) | <b>6,681,447</b>    | 6,698,827    |
|                                                     |       | <b>49,393,030</b>   | 47,593,889   |
| <b>Glanchoistais oibriúcháin roimh an deontas</b>   |       | <b>(15,540,522)</b> | (12,656,930) |
| Deontas Oireachtais                                 | 4     | <b>16,047,000</b>   | 11,870,000   |
| <b>Glanioncam/(costais) oibriúcháin don bhliain</b> |       | <b>506,478</b>      | (786,930)    |
| Aistriú ón gcuntas caipitiúil                       | 5     | <b>220,809</b>      | 202,125      |
| Coigeartú um aistriú airgeadra                      |       | <b>(333,860)</b>    | 218,263      |
| <b>Aistriú chuig/(ó) na cúlchistí don bhliain</b>   |       | <b>393,427</b>      | (366,542)    |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir                         |       | <b>5,886,038</b>    | 6,252,580    |
| <b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>                |       | <b>6,279,465</b>    | 5,886,038    |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 21.

Thar ceann an Bhoird:



**Dermot Casey**  
Leas-Chathaoirleach  
24 Meitheamh 2026



**Geraldine Larkin**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
24 Meitheamh 2026

# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

|                                                                                          | Nótaí | 2025<br>€    | 2024<br>€   |
|------------------------------------------------------------------------------------------|-------|--------------|-------------|
| Cúlchistí i leith na bliana tar éis leithreasáí                                          |       | 393,427      | (366,542)   |
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir                          | 13(d) | 823,000      | (2,319,000) |
| Athruithe ar an mbonn tuisceana i dtaobh luach reatha na ndliteanas scéime sochair scoir |       | 13,237,000   | 9,950,000   |
| Gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain                                                 |       | 14,060,000   | 7,631,000   |
| Coigeartú ar an gcistiú iarchurtha um shochair scoir                                     | 13(b) | (14,060,000) | (7,631,000) |
| Ioncam/(costais) cuimsitheach iomlán don bhliain                                         |       | 393,427      | (366,542)   |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 21.

Thar ceann an Bhoird:



Dermot Casey  
Leas-Chathaoirleach  
24 Meitheamh 2026



Geraldine Larkin  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
24 Meitheamh 2026


# Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2025


|                                                                 | Nótaí | 2025<br>€         | 2024<br>€     |
|-----------------------------------------------------------------|-------|-------------------|---------------|
| <b>Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad</b>                    |       |                   |               |
| Maoin, gléasra agus trealamh                                    | 6     | 3,550,536         | 3,777,731     |
| <b>Sócmhainní reatha</b>                                        |       |                   |               |
| Méideanna infhála                                               | 9     | 8,253,852         | 8,497,592     |
| Airgead agus coibhéisí airgid                                   |       | 2,333,193         | 2,191,360     |
|                                                                 |       | <b>10,587,045</b> | 10,688,952    |
| <b>Dlíteanais reatha (dlíte &lt; 1 bhliain amháin)</b>          |       |                   |               |
| Méideanna iníoctha                                              | 10    | 4,307,580         | 4,802,914     |
| <b>Glansócmhainní reatha</b>                                    |       | <b>6,279,465</b>  | 5,886,038     |
| <b>Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha roimh phinsin</b> |       | <b>9,830,001</b>  | 9,663,769     |
| <b>Sochair scoir</b>                                            |       |                   |               |
| Sócmhainn an chistithe iarchurtha um shochar scoir              | 13(c) | 92,140,000        | 102,693,000   |
| Oibleagáid um shochar scoir                                     | 13(b) | (92,140,000)      | (102,693,000) |
| <b>Glansócmhainní</b>                                           |       | <b>9,830,001</b>  | 9,663,769     |
| <b>Lena léirítear</b>                                           |       |                   |               |
| Cuntas caipitil                                                 | 5     | 3,550,536         | 3,777,731     |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe                                    |       | 6,279,465         | 5,886,038     |
|                                                                 |       | <b>9,830,001</b>  | 9,663,769     |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 21.

Thar ceann an Bhoird:



**Dermot Casey**  
Leas-Chathaoirleach  
24 Meitheamh 2026



**Geraldine Larkin**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
24 Meitheamh 2026


# Ráiteas ar Staid an Airgeadais in NSAI

Amhail an 31 Nollaig 2025

|                                                                 | Nótaí | 2025<br>€    | 2024<br>€     |
|-----------------------------------------------------------------|-------|--------------|---------------|
| <b>Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad</b>                    |       |              |               |
| Maoín, gléasra agus trealamh                                    | 6     | 3,520,963    | 3,708,845     |
| <b>Sócmhainní reatha</b>                                        |       |              |               |
| Méideanna infhála                                               | 9     | 9,998,997    | 7,260,586     |
| Airgead agus coibhéisí airgid                                   |       | 837,583      | 1,138,493     |
|                                                                 |       | 10,836,580   | 8,399,079     |
| <b>Dlíteanais reatha (dlíte &lt; 1 bhliain amháin)</b>          |       |              |               |
| Méideanna iníoctha                                              | 8, 10 | 6,884,410    | 13,075,598    |
| <b>Glansócmhainní reatha</b>                                    |       | 3,952,170    | (4,676,519)   |
| <b>Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha roimh phinsin</b> |       | 7,473,133    | (967,674)     |
| <b>Sochair scoir</b>                                            |       |              |               |
| Sócmhainn an chistithe iarchurtha um shochar scoir              | 13(c) | 92,140,000   | 102,693,000   |
| Oibleagáid um shochar scoir                                     | 13(b) | (92,140,000) | (102,693,000) |
| <b>Glansócmhainní</b>                                           |       | 7,473,133    | (967,674)     |
| <b>Lena léirítear</b>                                           |       |              |               |
| Cuntas caipitil                                                 | 5     | 3,520,963    | 3,708,845     |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe                                    | 8     | 3,952,170    | (4,676,519)   |
|                                                                 |       | 7,473,133    | (967,674)     |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 21.

Thar ceann an Bhoird:



**Dermot Casey**  
Leas-Chathaoirleach  
24 Meitheamh 2026



**Geraldine Larkin**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
24 Meitheamh 2026



# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025


|                                                                   | Nótaí | 2025<br>€        | 2024<br>€        |
|-------------------------------------------------------------------|-------|------------------|------------------|
| <b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>             |       |                  |                  |
| Glanioncam/(costais) oibriúcháin don bhliain                      |       | 506,478          | (786,930)        |
| Ús bainc                                                          |       | (1,818)          | (1,131)          |
| Muirear dímhéasa                                                  | 6     | 897,335          | 991,631          |
| Caillteanas ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh          |       | 114,117          | 8,152            |
| Laghdú/(méadú) ar mhéideanna infhála                              |       | 243,740          | (342,730)        |
| Méadú/(laghdú) ar mhéideanna iníoctha                             |       | (495,334)        | 619,754          |
| Coigeartú um aistriú airgeadra                                    |       | (333,860)        | 218,263          |
| <b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>      |       | <b>930,658</b>   | <b>707,009</b>   |
| <b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>          |       |                  |                  |
| Íocaíochtaí chun maoine, gléasra agus trealamh a cheannach        | 6     | (791,487)        | (798,008)        |
| Fáltais ó dhíol maoine, gléasra agus trealamh                     |       | 844              | 350              |
| <b>Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b> |       | <b>(790,643)</b> | <b>(797,658)</b> |
| <b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe</b>               |       |                  |                  |
| Ús bainc                                                          |       | 1,818            | 1,131            |
| <b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe</b>        |       | <b>1,818</b>     | <b>1,131</b>     |
| <b>Méadú/(laghdú) glan ar airgead agus coibhéisí airgid</b>       |       | <b>141,833</b>   | <b>(89,518)</b>  |
| <b>Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir</b>           |       | <b>2,191,360</b> | <b>2,280,878</b> |
| <b>Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig</b>         |       | <b>2,333,193</b> | <b>2,191,360</b> |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 21.

Thar ceann an Bhoird:



**Dermot Casey**  
Leas-Chathaoirleach  
24 Meitheamh 2026



**Geraldine Larkin**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
24 Meitheamh 2026

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

## 1. Beartais chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

### Faisnéis ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar an 14 Aibreán, 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Sainítear feidhmeanna reachtúla NSAI sna hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na cláir lárnacha mhéadreolaíochta, chaighdeánaithe agus méadreolaíochta dlí maidir le tomhais agus uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus sa mheasúnú comhréireachta.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann.

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), arb é airgeadra feidhmeach an Údaráis é freisin.

### Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na reachtaíochta is infheidhme, agus de réir FRS 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

### Bunús an chomhdhlúthaithe

Cuimsítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite torthaí an Údaráis agus a fhochuideachtaí faoi lánúinéireacht, NSAI Inc. agus NSAI Certification UK Ltd. Féach Nótaí 14 agus 15 i gcomhair tuilleadh sonraí. Is ionainn beartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí agus beartais chuntasaíochta an Údaráis.

### Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoin Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach i leith nithe a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais chomhdhlúite NSAI.

### Ioncam

Tugtar cuntas i leith an ioncaim ar fad, seachas an deontas Oireachtais, sa tréimhse ina dtuilltear é. Déileáiltear le táillí arna n-íoc roimh ré mar ioncam iarchurtha agus is mar dhliteanas reatha a thuairiscítear iad. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an gCuntas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe tráth sholáthar na seirbhíse.

### Deontas Oireachtais

Aithnítear deontais Oireachtais ar an tsamhail feidhmíochta. I gcás deontas nach bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe sa todhchaí ar an bhfaighteoir faoi, aithnítear mar ioncam é nuair a fhaightear luach an deontais. I gcás deontas a bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe sa todhchaí ar an bhfaighteoir faoi, ní aithnítear mar ioncam é go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha feidhmíochta sin.

### Aistriú airgeadraí eachtracha

#### (a) Idirbhearta in airgeadra eachtrach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus speansais arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta na mbun-idirbheart. Déileáiltear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe le brabús agus le caillteanais a eascraíonn as aistrithe airgeadra eachtraigh tráth ghlanadh na méideanna infhála agus na méideanna iniúchta in airgeadra eachtrach.

## (b) Oibríochtaí eachtracha

Nuair atá torthaí na n-oibríochtaí eachtracha á n-aistriú lena gcuimsiú sna ráitis airgeadais, aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Is sa chúlchiste a aithnítear an difríocht aistrithe airgeadra a eascraíonn as athshonrú na n-oibríochtaí eachtracha in euro – arb é an t-airgeadra feidhmiúil é – mar gheall ar athruithe ar na rátaí malairte (sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe faoin gceannteideal ‘coigeartú aistrithe’ i leith míreanna airgeadaíochta agus sa chuntas caipitil i leith difríochtaí athaistrithe i ndáil le sócmhainní seasta.) Aistrítear ioncam agus costais de réir meánrátaí malairte ar bhonn tréimhsí míosúla.

Is i gcúlchiste na hoibríochta freisin a aithnítear aon difríocht a eascraíonn ón aistriú airgeadra i gcomparáid leis an ráta atá sa Ráiteas ar Staid An Airgeadais.

## Maoín, gléasra agus trealamh

Tá maoín, gléasra agus trealamh ar le NSAI iad luaite ar a gcostas lúide dímhéas carntha, agus an luach coigeartaithe i leith soláthar ar bith i ndáil le lagú. Áirítear le Talamh agus Foirgnimh talamh atá ar seilbh agus ar a bhfuil na foirgnimh suite. Déantar an dímhéas a ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar an gcostas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn an mhéid chothroim, mar seo a leanas:

|                                       |           |
|---------------------------------------|-----------|
| i. Trealamh, daingneáin agus feisteas | 5 bliana  |
| ii. Ríomhairí                         | 3 bliana  |
| iii. Talamh agus Foirgnimh            | 50 bliain |
| iv. Mótarfheithicil                   | 5 bliana  |

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn san aois agus sa riocht cheana féin a mbeadh coinne leis ag deireadh a saolré ionchais.

Más ann d’fhianaise oibiachtúil ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas i ndáil le lagú sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i leith na bliana.

## Cuntas caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil ioncam deontais a úsáidtear chun maoín, gléasra agus trealamh a fháil agus déantar é a dhíscríobh i gcomhréir leis na beartaí dímhéasa agus athluachála i leith na sócmhainní gaolmhara.

## Méideanna infhála

Aithnítear méideanna infhála ar a luach cóir, lúide soláthar faoin choinne fiacha amhrasacha. Déantar an soláthar faoi choinne fiacha amhrasacha i ndáil le féichiúnaithe amhrasacha sonraithe, agus déantar soláthar breise faoi choinne fiacha trádála eile, nuair is ann d’fhianaise oibiachtúil nach mbeidh NSAI ná NSAI Inc. in ann gach méid atá dlite a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar faoi choinne fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear an caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim i rith thréimhse an léasa, ach amháin nuair a bhíonn arduithe cíosa i gceist atá nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuil coinne súil leis, agus sa chás sin aithnítear na harduithe sin tráth a dtabhaithe. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## Sochair fostaithe

### (a) Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amháil pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus áirítear sochair arna bhfabhrú ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Méideanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

### (b) Sochair scoir

Aithnítear idirbhearta, gluaiseachtaí agus iarmhéideanna pinsin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe, sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais i gcomhréir le ceanglais Alt 28 de FRS 102: Sochair Fostaithe.

## Scéim aoisliúntais NSAI

Feidhmíonn NSAI scéim pinsin le sochar sainithe, arna cistiú go bliantúil ar bhonn ‘íoc mar a úsáidtear’ ón airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball foirne.

Léiríonn na costais sochair scoir na sochair phinsin a thuill fostaithe, agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a gcoinníonn NSAI iad. Is mar ioncam a aithnítear suim arb ionann í agus an muirear scoir sa mhéid agus go bhfuil sí inghnóthaithe, agus déantar í a fhritháireamh le deontais a fuarthas sa bhliain d’fhonn íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar an mbonn tuisceana achtúireach agus ar bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach i leith na bliana ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

Léiríonn na dlíteanais sochair scoir luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn an cistiú iarchurtha um shochair scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

Aithníonn an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann sócmhainn i leith cistiú iarchurtha um shochair scoir – luach reatha an chistithe a mheasann sé a chuirfidh an Stát ar fáil amach anseo chun freastal ar dhlíteanais i ndáil le sochair scoir de réir mar a bheidh siad dlite. Gné dhílis den chur chuige cuntasáíochta sin is ea an bonn tuisceana go gcuirfear aon ioncam a ghinfidh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann i bhfeidhm ar an gcéad dul síos chun costais reatha a chlúdach agus go gclúdódh cistiú Stáit aon easpa acmhainní faoi láthair nó amach anseo, lena n-áirítear dlíteanais i ndáil le sochair scoir amach anseo.

### **An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair**

Ina theannta sin, feidhmíonn NSAI Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('an Scéim Aonair'), ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís poiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Tosáíodh ag íoc ranníocaíochtaí fostóirí leis an Roinn sin ar an 1 Eanáir 2019.

### **Ranníocaíocht aoisliúntais bhreise**

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí ranníocaíocht aoisliúntais bhreise a eascraíonn as Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus as an Acht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí, 2017. Cuireadh an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise in ionad an laghdaithe pinsean-choibhneasa, ar cuireadh deireadh leis ag deireadh 2018. Cé gur beart sealadach éigeandála a bhí sa laghdú pinsean-choibhneasa, is ranníocaíocht bhuan í an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise maidir le luach saothair inphinsin. Déantar í a asbhaint agus cuirtear í chuig an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (féach Nóta 3).

### **Breithiúnais agus meastacháin rí-thábhachtacha i leith na cuntasáíochta**

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus bonn tuisceana a ghlacadh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i leith sócmhainní agus dlíteanais amhail deireadh na bliana agus ar na méideanna arna dtuairisciú i leith ioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh sé nach ionann na torthaí iarbhair agus na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasai acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

#### **(a) Lagú maoine, gléasra agus trealaimh**

Déantar sócmhainní atá faoi réir dímhéasa a athbhreithniú i ndáil le lagú nuair a léiríonn teagmhais nó athruithe ar chúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas i ndáil le lagú mar an difríocht idir méid inghnóthaithe na sócmhainne agus a suim ghlanluacha. Is ionann méid inghnóthaithe na sócmhainne agus a luach cóir lúide an costas díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is mó. Chun measúnú a dhéanamh ar an lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil de réir na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid is féidir a aithint ar leithligh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais atá lagaithe ar gach dáta tuairiscithe, féachaint an gá an lagú a aisiompú.

#### **(b) Oibleagáid um shochair scoir**

Déantar nuashonrú bliantúil ar na tuiscintí is bonn leis na meastacháin achtúireacha dá gcinntear na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treochtaí um chostas cúraim sláinte) ar bhonn na ndálaí geilleagracha atá i réim faoi láthair, agus i leith athrú ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar an mbonn tuisceana sin:

- i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo
- iii. treochtaí um chostas cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe i dtaobh costas leighis sna réigiúin ábhartha.



## 2. Ioncam

|                                         | Nótaí | 2025<br>€         | 2024<br>€  |
|-----------------------------------------|-------|-------------------|------------|
| Táillí deimhniúcháin                    |       | <b>28,787,941</b> | 29,201,242 |
| Díol caighdeán                          |       | <b>2,851,313</b>  | 2,300,642  |
| Ioncam eile                             |       | <b>566,436</b>    | 441,944    |
| Ús bainc                                |       | <b>1,818</b>      | 1,131      |
|                                         |       | <b>32,207,508</b> | 31,944,959 |
| Glanchistiú iarchurtha um shochar scoir | 13(c) | <b>1,645,000</b>  | 2,992,000  |
|                                         |       | <b>33,852,508</b> | 34,936,959 |

## 3. Costais riaracháin agus costais ghinearálta

|                                                          | Nótaí | 2025<br>€         | 2024<br>€  |
|----------------------------------------------------------|-------|-------------------|------------|
| Pá                                                       | 3(a)  | <b>24,774,111</b> | 23,542,349 |
| Luach saothair agus speansais na gcomhaltaí boird        | 16    | <b>81,117</b>     | 69,761     |
| Speansais taistil                                        | 3(b)  | <b>1,581,925</b>  | 1,614,474  |
| Fochonraitheoirí                                         | 3(c)  | <b>6,784,833</b>  | 6,767,372  |
| Soláthar seirbhíse seachtraí                             |       | <b>373,720</b>    | 269,867    |
| Sainchomhairleoireacht                                   | 3(d)  | <b>465,750</b>    | 188,101    |
| Costais agus socraíochtaí dlí                            | 3(e)  | <b>82,183</b>     | 328,659    |
| Cíosanna, rátaí, obair dheisiúcháin agus chothabhála     |       | <b>2,062,084</b>  | 1,896,503  |
| Costais oibriúcháin eile                                 | 3(f)  | <b>4,323,925</b>  | 4,074,434  |
| Caillteanas ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh |       | <b>114,117</b>    | 8,152      |
| Síntiúis a íocadh le heagraíochtaí                       |       | <b>1,170,483</b>  | 1,143,759  |
| Dímheas                                                  | 6     | <b>897,335</b>    | 991,631    |
|                                                          |       | <b>42,711,583</b> | 40,895,062 |

3. Costais riaracháin agus costais ghinearálta (ar lean)

(a) Pá:

|                          | 2025<br>€  | 2024<br>€  |
|--------------------------|------------|------------|
| Pá agus tuarastail       | 22,246,001 | 21,152,757 |
| Ragobair                 | 33,203     | 125,558    |
| Liúntais                 | 190,021    | 141,202    |
| Costais leasa shóisialta | 2,280,252  | 1,866,010  |
| Costais aoisliúntais     | 24,634     | 256,822    |
|                          | 24,774,111 | 23,542,349 |

Rinneadh asbhaintí pinsin €602,792 (2024: €565,776) as tuarastail agus íocadh iad leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

Rinneadh asbhaintí €520,511 (2024: €416,152) as tuarastail i leith na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus íocadh iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Bhí 260 duine (coibhéis lánaimseartha) fostaithe amhail an 31 Nollaig 2025 (2024: 254).

(b) Speansais taistil:

Tá príomhoifig NSAI lonnaithe i gCearnóg Swift, Seantrabh agus tá oifigí agus ionaid réigiúnacha aige ar fud na hÉireann. Tá oifigí fochuideachta aige freisin in Nashua, New Hampshire, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i Londain, sa Ríocht Aontaithe. Meastar gur taisteal idirnáisiúnta é an taisteal lasmuigh d’Éirinn i gcás na mball foirne go léir atá lonnaithe in Éirinn. Maidir le baill foirne atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, meastar gur taisteal inmheánach é an taisteal laistigh de na Stáit Aontaithe, agus gur taisteal idirnáisiúnta é an taisteal lasmuigh de na Stáit Aontaithe. I gcás baill foirne atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe meastar gur taisteal idirnáisiúnta é taisteal lasmuigh den Ríocht Aontaithe.

Ba é €1,143,700 an costas iomlán a tabhaíodh i ndáil le taisteal agus cothú sa tír seo in 2025 (2024: €1,215,252). Ba é €438,225 an costas iomlán a thabhaíodh i ndáil le taisteal agus cothú thar lear in 2025 (2024: €399,222).

(c) Fochonraitheoirí:

Baineann costais i leith fochonraitheoirí leis an leas a bhaintear as saineolaithe speisialaithe a bhíonn ag plé le gníomhaíochtaí lena ngintear ioncam do NSAI.

(d) Sainchomhairleacht:

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle a chuireann daoine seachtracha ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe an ghnáthghnó.

|                                  | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|----------------------------------|-----------|-----------|
| Acmhainní daonna agus pinsin     | 101,155   | 17,000    |
| Comhairle dlí                    | 141,811   | 68,644    |
| Comhairle airgeadais/achtúireach | 31,690    | 36,720    |
| Eile                             | 191,094   | 65,737    |
|                                  | 465,750   | 188,101   |

### 3. Costais riaracháin agus costais ghinearálta (ar lean)

#### (e) Costais agus socraíochtaí dlí:

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le costais dlí, socraíochtaí dlí, agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair NSAI, rud a nochtar sna Costais Chomhairleachta thuas.

|                             | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|-----------------------------|-----------|-----------|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí  | 34,656    | 65,963    |
| Táillí dlí – socraíocht dlí | 8,027     | 142,696   |
| Comhréiteach agus eadráin   | -         | -         |
| Socraíocht                  | 39,500    | 120,000   |
|                             | 82,183    | 328,659   |

#### (f) Costais oibriúcháin eile:

|                                                                                              | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|----------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|-----------|
| Fógraíocht, margaíocht agus caidreamh poiblí                                                 | 145,972   | 208,789   |
| Costais TFC                                                                                  | 1,526,307 | 1,475,296 |
| Cumarsáid, clóbhuaileadh agus foilseacháin                                                   | 396,387   | 352,312   |
| Costais i leith maoiniú                                                                      | 229,323   | 147,837   |
| Árachas                                                                                      | 1,282,099 | 1,123,370 |
| Forbairt foirne                                                                              | 371,859   | 386,029   |
| Costais earcaíochta                                                                          | 161,114   | 129,234   |
| Táille iniúchóireachta – An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste                                | 39,500    | 35,900    |
| Táille iniúchóireachta – táillí na n-iniúcháirí inmheánacha agus na n-iniúcháirí seachtracha | 32,247    | 40,649    |
| Costais oibriúcháin eile                                                                     | 139,117   | 175,018   |
|                                                                                              | 4,323,925 | 4,074,434 |

#### (g) Caiteachas ar fháilteachas:

Caitheadh €11,771 (2024: €30,825) ar fháilteachas in 2025: €1,605 (2024: €6,484) ar fháilteachas do chliaint agus €10,166 (2024: €24,341) ar rannpháirtíocht fostaithe/leas foirne. Áirítear leis na costais ar rannpháirtíocht leis na fostaithe/leas foirne ranníocaíocht i leith imeachtaí a réachtálann club sóisialta na foirne agus i leith cleachtaí maidir le neartú na foirniúlachta.

3. Costais riaracháin agus costais ghinearálta (ar lean)

(h) Miondealú ar na sochair foirne:

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chur ina gcatagóirí sna bandaí seo a leanas:

| Réimse na sochar iomlán d'fhostaithe | 2025<br>Líon na<br>bhfostaithe | 2024<br>Líon na<br>bhfostaithe |
|--------------------------------------|--------------------------------|--------------------------------|
| €60,000 – €69,999                    | 31                             | 25                             |
| €70,000 – €79,999                    | 40                             | 50                             |
| €80,000 – €89,999                    | 46                             | 25                             |
| €90,000 – €99,999                    | 16                             | 21                             |
| €100,000 – €109,999                  | 19                             | 21                             |
| €110,000 – €119,999                  | 18                             | 8                              |
| €120,000 – €129,999                  | 8                              | 4                              |
| €130,000 – €139,999                  | 6                              | 2                              |
| €140,000 – €149,999                  | 6                              | 7                              |
| €150,000 – €159,999                  | 1                              | 3                              |
| €160,000 – €169,999                  | 1                              | -                              |
| €170,000 – €179,999                  | 2                              | 2                              |
| €180,000 – €189,999                  | -                              | 2                              |
| €190,000 – €199,999                  | 1                              | -                              |

